Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Plean Forbartha Leabharlanna Fhine Gall 2018-2023






## Fís

Beidh Leabharlanna Fhine Gall ina spás dinimiciúil agus uilechuimsitheach, a thacóidh leis an gcultúr, caitheamh aimsire, litearthacht, oideachas agus forbairt eacnamaíoch sa Chontae.

## Misean

Freagróimid do riachtanais ár bpobal éagsúil.

## Misean

Déanfaimid féiniúlacht stairiúil uathúil Fhine Gall a chaomhnú agus cuirfimid rochtain ar fáil uirthi.

## Misean

Tuarfaimid riachtanais seirbhíse amach anseo.

**PRÍOMHFHIGIÚIRÍ LE LEABHARLANNA FHINE GALL 2017**

LÍON CUAIRTEOIRÍ
**1,143,387**

MÍREANNA A FUARTHAS AR IASACHT
**1,096,915**

BALLRAÍOCHT CHLÁRAITHE
**40.3%**
DEN DAONRA

BALLRAÍOCHT GHNÍOMHACH
**30.4%**
DEN DAONRA

MEÁNUAIREANTA OIBRE SA TSEACHTAIN
**44.6**

CAITHEAMH IN AGHAIDH AN CHINN DEN DAONRA
**€39.29** (FIG 2016)

# Clár na nÁbhar


Brollach le Paul Reid, Príomhfheidhmeannach 2

Teachtaireacht ón gComhairleoir Mary McCamley, Maor Fhine Gall 3

Réamhrá le Betty Boardman, Leabharlannaí Contae 4

1. Achoimre Feidhmiúcháin 5
2. Fís, Misean agus Luachanna Leabharlanna Fhine Gall 11
3. Réamhrá agus Modheolaíocht 15
4. Fine Gall: Contae Éagsúil agus Beoga 19
5. Forléargas ar Leabharlanna Fhine Gall 23
6. Seirbhísí Leabharlainne Fhine Gall 29
7. Comhoibriú agus Comhpháirtíocht 33
8. Maoiniú 37
9. Spriocanna agus Cuspóirí Straitéiseacha Leabharlanna Fhine Gall 2018-2023 39
10. Aguisíní 48

Bibleagrafaíocht 56


"Tá leabharlanna anois ina n-áiteanna is daonlathaí agus is neamhbhreithiúnaí atá againn . . .

I leabharlanna bímid inár saoránaigh, ní inár dtomhaltóirí."

Dermot Bolger



Paul Reid
Príomhfheidhmeannach

# Brollach le
# Paul Reid, Príomhfheidhmeannach

Agus os cionn milliún cuairt déanta ar leabharlanna poiblí i bhFine Gall in 2017, is léir gur seirbhís luachmhar í an tseirbhís do na saoránaigh sa Chontae. Sa Phlean Forbartha leagtar amach fís, misean, luachanna, prionsabail, cuspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí na Roinne Leabharlann don chéad 5 bliana eile amach romhainn.

Arna ullmhú ag an Roinn Leabharlann faoi threoir Margaret Geraghty, an Stiúrthóir Seirbhísí agus Betty Boardman, Leabharlannaí Contae, ghlac an Chomhairle an Plean i mí Eanáir 2018, faoi mar a cheanglaítear leis an Acht Rialtais Áitiúil 2001. Is am an-dearfach é do Leabharlanna Fhine Gall anois le trí veain leabharlainne soghluaiste úra ar an mbóthar agus an ceathrú ceann ordaithe, agus tá pleananna le Leabharlanna Sceirí a athchóiriú faoi lánseol agus tá an treoir straitéiseach don Leabharlann Chontae úr in Ionad Cathrach agus Cultúrtha Shoird beagnach críochnaithe.

Aithnítear sa Phlean fás 77% i ndaonra Fhine Gall le 20 bliain anuas agus a staid mar an Contae is mó fás agus is óige sa tír. Aithnítear ann nádúr éagsúil an daonra agus an gá atá le seirbhís leabharlainne ábhartha agus fhreagrúil. Athneartaíonn sé staid Leabharlanna Fhine Gall chun an litearthacht, oideachas agus forbairt eacnamaíoch a éascú agus gníomhaíochtaí cultúrtha agus caitheamh aimsire a óstáil agus tacú leo. Agus, níos tábhachtaí ná aon rud, cuirtear béim sa Phlean Forbartha ar luach an spáis leabharlainne le haghaidh rannpháirtíocht an phobail, na fiontraíochta agus na féinfhorbartha.



An Comhairleoir Mary McCamley, Maor Fhine Gall

# Teachtaireacht ón gComhairleoir Mary McCamley, Maor Fhine Gall

Ó toghadh mé mar Mhaor Fhine Gall i mí an Mheithimh 2017, lainseáil mé agus d'fhreastail mé ar a lán imeachta i leabharlanna ar fud an Chontae. Táim an-tógtha le héagsúlacht na ngníomhaíochtaí atá eagraithe ag foireann na leabharlann, gach rud ó cheiliúradh an fhocail scríofa, go féilte staire, go himeachtaí d'fhiontraithe agus do chuardaitheoirí poist. Tugann sé pléisiúr dom mar sin fáilte a chur roimh an bPlean Forbartha Leabharlann, lena múnlófar an todhchaí don tseirbhís leabharlainne i bhFine Gall don tréimhse 2018-2023.

Seirbhís túslíne den Chomhairle is ea iad leabharlanna agus tá ról tábhachtach acu sa phobal, trí líonra 10 leabharlann bhrainse, seirbhísí soghluaiste agus seirbhísí do dhaoine atá gafa sa teach agus roinn staidéar áitiúil agus cartlann. Ag lainseálacha agus imeachtaí, buailim le daoine de gach uile aois agus gach uile cúlra (disregard) a úsáideann leabharlanna ar chúiseanna éagsúla – le staidéar a dhéanamh, le ríomhaire a úsáid, le buaileadh le cairde ag clubanna leabhar, lena gcrann ginealaigh a rianú, le taighde a dhéanamh ar staidéar a gceantar, agus ar ndóigh le leabhair a fháil ar iasacht. An rud atá go hiontach ar fad, ná go gcuirtear é sin ar fad ar fáil saor in aisce agus is féidir le gach duine páirt a ghlacadh. Is é "Flúirse Talaimh is Mara" ("Rich in land and sea") mana Chomhairle Contae Fhine Gall agus creidim go gcuireann leabharlanna leis an saibhreas sin i gcomhthéacs na seirbhísí éagsúla agus nuálacha a chuireann siad ar fáil dár bpobail.



Betty Boardman
Leabharlannaí Contae

# Réamhrá le Betty Boardman, Leabharlannaí Contae

Toradh ar chomhairliúchán fairsing agus plé lenár bpáirtithe leasmhara is ea Plean Forbartha Leabharlann Fhine Gall 2018-2023 lena n-áirítear an bpobal i gcoitinne, ionadaithe tofa, grúpaí agus eagraíochtaí áitiúla, úsáideoirí agus neamh-úsáideoirí ár seirbhísí agus ár bhfoireann. Táimid buíoch as an am atá tugtha ag daoine le freagairt ar ár suirbhé, le haighneachtaí a dhéanamh agus le buaileadh linn le plé a dhéanamh faoin dóigh a bhforbrófar leabharlanna i bhFine Gall sna cúig bliana amach romhainn. Bhí ról suntasach ag an sainchomhairleoir, Sinéad Begley sa phróiseas rannpháirtíochta agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil léi as a comhairle agus a cuidiú praiticiúil maidir leis an bPlean a chur ar aghaidh trí na céimeanna éagsúla. Tá foireann Leabharlanna Fhine Gall sároilte agus an-eolach agus, mar aghaidh phoiblí na seirbhíse, tá aithne acu ar na pobail ina n-oibríonn siad. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt chomh maith don díograis agus inspioráid ón bhfoireann ar baill iad de Ghrúpa Oibre an Phlean Forbartha agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne sin ag gach leibhéal agus pointe seirbhíse ar fud an Chontae a chuir a dtuairimí agus a smaointe leis an doiciméad.

# 1. Achoimre Feidhmiúcháin



# 1. Achoimre Feidhmiúcháin

Cuirtear treochlár ar fáil i bPlean Forbartha Leabharlann Fhine Gall don tréimhse 2018-2023, ina leagtar amach an fhís do thodhchaí Leabharlanna Fhine Gall mar spás dinimiciúil agus uilechuimsitheach, a thacóidh le cultúr, caitheamh aimsire, litearthacht, oideachas agus forbairt eacnamaíoch sa Chontae.

Cuirtear an fhís i gcomhthéacs i misean na Comhairle d’Fhine Gall le bheith mar an áit ba rogha ag daoine le cónaí ann, oibriú ann, cuairt a thabhairt air agus gnó a dhéanamh ann in Éirinn, agus tá sé buntacaithe ag croíluachanna na Comhairle maidir le soláthar seirbhísí a bheidh dírithe ar na saoránaigh agus a bheidh neamhchlaonta, freagrúil, uilechuimsitheach agus nuálach.

Leagtar amach sa straitéis an dóigh a bhfreagróimid ar riachtanais ár bpobal beoga agus éagsúil atá ag fás, féiniúlacht stairiúil uathúil Fhine Gall a chaomhnú agus rochtain a chur ar fáil uirthi agus riachtanais seirbhíse amach anseo a thuar.

Ó go luath sna 1990í, tá seirbhís Leabharlanna Fhine Gall forásach agus nuálach, ag tógáil agus ag forbairt leabharlanna brainse úra, ag athchóiriú agus ag feabhsú foirgneamh atá ann cheana agus ag glacadh teicneolaíochtaí agus cleachtais oibre úra. Áirítear ar phríomhfhorbairtí le blianta beaga anuas leabharlann bhrainse atá comhshuite le hionad pobail agus caitheamh aimsire ag Domhnach Bat, tabhairt isteach féinseirbhíse ag baint úsáid as teicneolaíocht RFID, 3 veain leabharlainne soghluaiste úra, bainistíocht leabharlainne úr agus úsáid mhéadaithe as acmhainní digiteacha agus r-Sheirbhísí.

Déanfar tuilleadh forbartha sna chéad chúig bliana amach romhainn, le Leabharlann Chontae úr den 21ú haois i gCeanncheathrú Cultúrtha Shoird agus athchóiriú Leabharlann Sceirí. Leanfaimid le spásanna inrochtana, daonlathacha, uilechuimsitheacha agus dinimiciúla a chur ar fáil inar féidir le daoine páirt a ghlacadh, sult a bhaint astu, a bheith ag cruthú agus ag foghlaim. Leis na príomhdhúshláin a bhaineann le daonra óg, éagsúil agus atá ag fás againn tugtar deiseanna dúinn freagairt ar úsáidí nuálacha as spás agus teicneolaíocht, mar aon le bailiúcháin ábhartha phriontáilte agus dhigiteacha agus cláir shamhlaíocha chultúrtha agus oideachais.



## Príomhchuspóirí

Tá 7 bpríomhchuspóir againn a chuirfidh bonn eolais faoi fhorbairt Leabharlanna Fhine Gall thar shaolré an chláir seo. Cuirtear bonn eolais faoi na cuspóirí sin lenár spriocanna straitéiseacha chun:

→ Spás dinimiciúil agus uilechuimsitheach a chur ar fáil don phobal

→ Tacú leis an gcultúr agus caitheamh aimsire

→ An litearthacht, oideachas agus forbairt eacnamaíoch a chumasú

Is iad na 7 gcuspóir sin:

| | |
|---|---|
| **Cuspóir 1: Lucht saothair**<br>A chinntiú go bhfuil foireann sna leabharlanna atá sároilte, eolach agus foireann a dhíríonn ar na custaiméirí | D'fhorbair Leabharlanna Fhine Gall agus Rannóg AD na Comhairle plean lucht saothair agus tá sé á chur chun feidhme acu faoi láthair, faoi mar a cinneadh sa tuarascáil 'Seirbhísí Leabharlainne Éifeachtúla a Bhainistiú'. Leis an earcaíocht le déanaí ar gach leibhéal de bhaill foirne ghairmiúla agus neamhghairmiúla is ionann na leibhéil soláthair foirne anois i Leabharlanna Fhine Gall agus 131. |
| **Cuspóir 2: Caipiteal agus Bonneagar**<br>Spásanna ardchaighdeáin, fáilteacha, inrochtana a chur ar fáil, ina bhfreastalaítear ar riachtanais úsáideoirí leabharlainne. | Sainítear leabharlanna poiblí inniu ní hamháin trína n-acmhainní priontáilte agus digiteacha agus trína spásanna ardchaighdeáin a sholáthraítear iontu do dhaoine aonair agus do ghrúpaí. Tá an Leabharlann anois ina 'seomra suí pobail' nó an 'tríú spás' sin idir an baile agus an obair, áit a bhfuil fáilte roimh daoine bheith páirteach, a bheith ag cruthú agus a bheith ag foghlaim. |
| **Cuspóir 3: Bailiúcháin agus Acmhainní**<br>Dícheall a dhéanamh riachtanais ár n-iasachtaithe a aithint agus freastal orthu, de réir ár mBeartais Forbartha Bailiúcháin a athbhreithníodh le déanaí. | Le tuiscint ar an teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn i gcónaí beimid ábalta a bheith ábhartha an t-am ar fad leis na hacmhainní a thairgimid. Tuigimid a mhéid a chumasóidh cur chuige nuálach maidir le bainistíocht bailiúchán soláthar seirbhísí leictreonacha úrscothacha i gcomhar le formáidí níos traidisiúnta.<br><br>Leanfaidh Leabharlanna Fhine Gall le haithint go gcaithfidh na bailiúcháin agus na hacmhainní teacht le riachtanais ár n-iasachtaithe a bhionn ag éirí níos éagsúla i gcónaí. Comhlíonfaidh na bailiúcháin, a mhéid is praiticiúil, na riachtanais shainiúla dhéimeagrafacha, theangeolaíocha agus chultúrtha. |

## Cuspóir 4: Pleanáil imeachtaí agus gníomhaíochtaí

An pobal a spreagadh lena chumas iomlán a bhaint amach agus páirt a thabhairt do na saoránaigh ar fad trí chlár nuálach imeachtaí agus gníomhaíochtaí.

Léireoidh pleanáil Leabharlanna Fhine Gall cláir náisiúnta thart ar théamaí amhail cultúr, cruthaitheacht, oidhreacht, fiontraíocht agus eolaíocht agus tiocfaidh sé le riachtanais éagsúla agus shainiúla ár saoránach ar fud Fhine Gall. Shroichfidh sé lucht féachana/éisteachta de gach uile aois, gach uile chultúr agus gach uile eitneacht agus cruthóidh sé ardán uilechuimsitheach le haghaidh comhair, forbartha, rannpháirtíochta agus rannpháirteachais.

Beidh foghlaim ar feadh an tsaoil ina príomhghné i Leabharlanna Fhine Gall agus beidh deiseanna ann páirt a ghlacadh san fhoghlaim neamhfhoirmiúil ag gach céim den saol i dtimpeallacht uilechuimsitheach agus fháilteach.

## Cuspóir 5: Teicneolaíocht

Staid leabharlann sa phobal mar phríomhphointí rochtana ar theicneolaíocht faisnéise agus seirbhísí digiteacha a neartú.

Déanfaimid ár ndícheall feabhas leanúnach a chur ar ár seirbhís leabharlainne trí fhaisnéis agus trí Theicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) atá ag teacht chun cinn, a thiocfaidh le treochtaí na sochaí go ginearálta agus go sainiúil chun feabhas a chur ar na bealaí cumarsáide lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Déanfaimid ár mbailiúcháin dhigiteacha a fhorbairt agus a chur chun cinn agus feabhsóimid an rochtain orthu, lena n-áirítear ábhar staire cartlainne agus áitiúla agus soláthróimid deiseanna oiliúna chun an deighilt dhigiteach a dhúnadh go hinmheánach agus go seachtrach.

Táimid tiomanta do sheirbhís nuálach ar mhórán teicneolaíochta a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais reatha agus amach anseo ár bpobal.



## Cuspóir 6: Margaíocht agus Cumarsáid

Fógróidh Leabharlanna Fhine Gall iad féin mar spás daonlathach, uilechuimsitheach agus dinimiciúil a bheidh ar oscailte gan srian do gach duine a oibríonn agus atá ina gcónaí sa Chontae. Déanfar an gá atá le díriú ar úsáideoirí agus neamh-úsáideoirí araon leabaithe inár straitéis margaíochta agus cumarsáide agus leanfaimid dá bheith freagrúil do riachtanais faisnéise agus phobail atá ag athrú.

Beidh Leabharlanna Fhine Gall páirteach le gach príomhpháirtí leasmhara lena n-áirítear ionadaithe tofa, saoránaigh, baill foirne, ranna eile sa Chomhairle agus eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta lena chinntiú go dtuigimid cad a theastaíonn ón tseirbhís leabharlainne le linn shaolré an phlean seo agus ina dhiaidh sin.

Táimid ailínithe le spriocanna corparáideacha agus straitéiseacha na Comhairle agus cuirfimid na spriocanna sin in iúl trínár ngníomhaíochtaí, trínár líonra brainsí agus trínár n-ilbhealaí margaíochta.

## Cuspóir 7: Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí

A chinntiú go mbeidh Leabharlanna Fhine Gall infheicthe agus ábhartha sa phobal i gcónaí trí chomhoibriú agus trí chomhpháirtíochtaí. Le forbairt líonra agus comhoibriú beimid ábalta acmhainní a roinnt, cláir úra a fhorbairt, saineolas úr a ghnóthú agus lucht féachana/éisteachta úr a shroicheadh.

Agus naisc á ndéanamh agus comhpháirtíochtaí á bhforbairt le páirtithe leasmhara lena n-áirítear ranna eile na Comhairle, grúpaí náisiúnta agus áitiúla agus an earnáil ghnó agus oideachais, is féidir le Leabharlanna Fhine Gall réimse seirbhísí leabharlainne agus faisnéise a chur ar fáil agus freastal ar riachtanais éagsúla an phobail agus ar a riachtanais atá ag athrú.

Glacfaidh Leabharlanna Fhine Gall páirt in idirphlé le páirtithe sa phobal lenár ról mar idirghabhálaithe i bpróiseas na foghlama ar feadh an tsaoil a fhairsingiú, ón luath-óige go dtí an saol aosaigh.

Cuirfear na cuspóirí sin i bhfeidhm trí bhíthin 42 gníomhaíocht a bhfuil cur síos iomlán déanta orthu i roinn 9 den doiciméad seo.


THE CHATSWORTH

# 2. Fís, Misean agus Luachanna Leabharlanna Fhine Gall



# 2. Fís, Misean agus Luachanna Leabharlanna Fhine Gall

## Fís

Beidh Leabharlanna Fhine Gall ina spás dinimiciúil agus uilechuimsitheach, a thacóidh leis an gcultúr, caitheamh aimsire, litearthacht, oideachas agus forbairt eacnamaíoch sa Chontae.

## Misean

**Is é ár misean freagairt a thabhairt, caomhnú, agus tuar a dhéanamh.**

Freagróimid do riachtanais ár bpobal éagsúil.
Déanfaimid féiniúlacht stairiúil uathúil Fhine Gall a chaomhnú agus cuirfimid rochtain ar fáil uirthi.
Tuarfaimid riachtanais seirbhíse amach anseo.

## Luachanna

**Tá meas againn ar:**

Nuálaíocht • Comhoibriú • Saoirse Intleachtúil • Cuntasacht agus Macántacht
Inoiriúnacht • Cuimsiú • Inrochtaineacht

## Spriocanna Straitéiseacha

Spás dinimiciúil agus uilechuimsitheach a chur ar fáil don phobal.

Tacú leis an gcultúr agus caitheamh aimsire.

An litearthacht, oideachas agus forbairt eacnamaíoch a chumasú.

## Cuspóirí

**Tá 7 gcuspóir sa phlean a bhaineann leis na réimsí seo a leanas:**

Lucht saothair

Caipiteal agus bonneagar

Bailiú agus acmhainní

Pleanáil imeachtaí agus gníomhaíochtaí

Teicneolaíocht

Margaíocht agus cumarsáid

Comhoibriú agus comhpháirtíocht

## Gníomhaíochtaí

Sreabhann an 42 gníomhaíocht ar a gcuirtear síos sa phlean seo ónár bhfís, ráiteas misin, spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha agus tagann siad le torthaí an phróisis chomhairliúcháin.


Faigh amach...
Discover...
libraries.
fingal.ie


# 3. Réamhrá agus Modheolaíocht



# 3. Réamhrá agus Modheolaíocht

## Réamhrá

Is é misean Chomhairle Fhine Gall go mbeidh Fine Gall mar an áit ba rogha ag daoine le cónaí ann, oibriú ann, cuairt a thabhairt air agus gnó a dhéanamh ann in Éirinn. Léirítear é sin trí réimse leathan áiseanna straitéiseacha a thacaíonn le pobail bheoga, le gnólachtaí rathúla agus leis an turasóireacht.




Leagtar amach i bPlean Forbartha Contae Fhine Gall 2018-2023 rún na Comhairle:

*Leanúint le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na seirbhíse leabharlainne reatha agus soláthar a dhéanamh do sheirbhísí fairsinge agus líonra ag brath ar riachtanas agus infhaighteacht na n-acmhainní.*

Faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001, tá oibleagáid reachtúil ar an gComhairle Clár Forbartha Leabharlainne a sholáthar atá le glacadh ag an gComhairle. Ráiteas poiblí is ea an clár ina gcuimsítear fís, misean, luachanna, prionsabail, tosaíochtaí, cuspóirí straitéiseacha agus forbartha Leabharlanna Fhine Gall don chead chúig bliana amach romhainn.

Chuir misean agus croíluachanna na Comhairle bonn eolais faoi Phlean Forbartha Leabharlann Fhine Gall 2018-2023, lena ndéanfar soláthar do sheachadadh seirbhíse leabharlainne a fhreagraíonn do riachtanais phobal beoga, éagsúil Fhine Gall, a chaomhnaíonn féiniúlacht stairiúil uathúil Fhine Gall agus a thugann rochtain uirthi agus a thuarann na riachtanais amach anseo.

## Modheolaíocht

Tionóladh Grúpa Oibre an Phlean Forbartha Leabharlann i mí Eanáir 2017 agus ceapadh plean le haghaidh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ar fud an Chontae, ag baint úsáid as modhanna agus fóraim éagsúla. Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin i mí Feabhra 2017 agus chríochnaigh sé ag deireadh mí na Bealtaine 2017.

Trí shuirbhé ar líne agus ceardlann Anailíse SWOT, tugadh cuireadh do bhaill foirne a dtuairimí a thabhairt maidir leis na seirbhísí reatha agus a smaointe a thabhairt faoin todhchaí i ndáil le bailiúcháin leabharlainne, seirbhís do chustaiméirí, riachtanais scileanna na foirne, comhoibriú, cumarsáid agus cur chun cinn agus teicneolaíocht.

Áiríodh i gcomhairliúchán poiblí suirbhé ar líne don phobal agus foirm aighneachta d'eagraíochtaí, a óstáladh ar Consult Fingal, tairseach comhairliúcháin ar líne na Comhairle.



Chuir an fhoireann na suirbhéanna chun cinn i mbrainsí agus ar shuíomhanna gréasáin na Leabharlainne agus na Comhairle. Cuireadh fógráin agus póstaeir ar taispeáint i mbrainsí agus ag ionaid phobail. Foilsíodh ailt i nuachtáin áitiúla agus i nuachtlitir Líonra Rannpháirtíochta Pobail Fhine Gall. San iomlán fuarthas 500 freagairt ar an suirbhé poiblí agus rinne seacht n-eagraíocht lena n-áirítear scoileanna, ionaid phobail agus comhlachtaí deonacha aighneachtaí ar líne lena mbreithniú.

Stiúradh sraith grúpaí fócais le sampla de dhaoine ó Fhine Gall, ina raibh úsáideoirí leabharlainne agus daoine nach úsáideoirí leabharlainne iad. San iomlán, ghlac os cionn 60 duine páirt lenar n-áiríodhrannpháirtithe a bhí páirteach i gcruinniú grúpaí ag ionaid phobail agus Fóram Seanóirí Fhine Gall. Thug Seirbhísí Óige Foróige i mBaile Bhlainséir agus Baile Brigín a gcuidiú cineálta i gcomhairliúchán i measc daoine óga a bhí páirteach i réimse grúpaí óige trí phlé éascaithe.

Chuaigh baill foirne na leabharlann i gcomhairle le húsáideoirí seirbhíse chomh maith ag réimse leathan imeachtaí pleanáilte i mbrainsí Leabharlainne ar fud an Chontae lenar n-áiríodh clubanna leabhar, cuairteanna ranga, clubanna iarscóile, ficheall, scrabble, seandaoine gníomhacha, clubanna ceamara agus ag ranganna teanga agus TFC. Iarradh aiseolas chomh maith ó úsáideoirí na Leabharlann Soghluaiste agus na Seirbhíse do Dhaoine atá gafa sa Teach (trí agallamh ar an teileafón).

Rinne baill Ghrúpa Oibre na Forbartha Leabharlann léiriúcháin agus d’iarr siad aiseolas ag cruinniú de chuid Ghrúpa Naisc Ealaíon, Oidhreachta, Cultúir agus Pobail Líonra Rannpháirtíochta Pobail Fhine Gall agus Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Fhine Gall.

Tá achoimre déanta ar phríomhthorthaí an phróisis chomhairliúcháin in Aguisín 3 agus 4 agus tá siad ina gcuid de phríomh-ionchur i gcruthú an Phlean Forbartha Leabharlann.

## Europe Direct

Is é Ionad Europe Direct ag Baile Bhlainséir do phointe tosaigh le faisnéis a fháil faoin AE. Soláthraíonn an tIonad rochtain ar ábhar faoina gcumhdaítear réimse éagsúil topaicí, lena n-áirítear:

- Faisnéis ghinearálta faoin dóigh a n-oibríonn an AE.
- Faisnéis faoi institiúidí agus gníomhaireachtaí éagsúla an AE.
- An nuacht is déanaí faoi ghnóthaí agus imeachtaí an AE.
- Faisnéis faoi chearta saoránach san AE.

europe direct Blanchardstown

# 4. Fine Gall: Contae agsúil agus Beoga



# 4. Fine Gall: Contae Éagsúil agus Beoga

Síneann Contae Fhine Gall ón Life agus ó theorainn Chathair Bhaile Átha Cliath sa deisceart go dtí teorainn na Mí ó thuaidh ó Bhaile Brigín agus ón gcósta san iarthar go dtí teorainneacha na Mí agus Chill Dara san iarthar. Cumhdaíonn Fine Gall achar 450 ciliméadar cearnach agus sainítear é de réir éagsúlacht a thírdhreacha le gnéithe tuaithe, uirbeacha agus fo-uirbeacha.

Limistéar ardtaitneamhachta is ea Fine Gall a bhfuil mórán oidhreachta cultúrtha, nádúrtha agus stairiúla mar shaintréith ann, agus níos mó ná 80 ciliméadar d'imeallbhord ag síneadh ó Bhinn Éadair go tuaisceart Bhaile Brigín, le trí inbhear mhóra faoi chosaint agus 13 thrá mhóra. Tá traidisiúin láidre gairneoireachta, talmhaíochta agus iascaireachta sa Chontae, mar aon le réimse lonnaíochtaí meánaoiseacha amhail Sord agus Lusca, agus roinnt réadmhaoine oidhreachta lena n-áirítear na caisleáin ag Mullach Íde agus Ard Giolláin. Tá earnáil ealaíon i bhFine Gall a bhfuil ag éirí go maith leis, le Draíocht agus Ionad Shéamais Mhic Aonghasa a sholáthraíonn moil don chruthaitheacht agus don chultúr i mBaile Átha Cliath 15 agus sa Chontae Thuaidh.

Tá Fine Gall suite i bpríomhshuíomh le haghaidh gnó ar chonair eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste agus tá líon mór-áiseanna ann lena n-áirítear Aerfort Bhaile Átha Cliath. Áirítear sna príomhearnálacha gnó i limistéar Fhine Gall an earnáil Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus an earnáil Eitlíochta agus oibríonn cuid de mhórchuideachtaí an domhain anseo. Tá an Earnáil Bhia, Deochanna agus Agrai-ghnó ag fás agus tá an Earnáil Cúram Sláinte agus Cógaisíochta ceannasach sa Chontae chomh maith. Is ionann an dífhostaíocht i bhFine Gall agus 10.3% (i gcomparáid le 12.9% ar bhonn náisiúnta) de réir Áireamh 2016. Tá sé ina chuspóir tábhachtach de chuid na Comhairle an timpeallacht ina méadófar fostaíocht i bhFine Gall a chruthú.

I gcomhthéacs soláthraithe oideachais tríú leibhéal, tá Institiúid Teicneolaíochta ag Fine Gall i mBaile Bhlainséir agus tá naisc ann le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá daonra 296,020 i bhFine Gall[1]. Is é sin an tríú daonra is mó, is gaiste fás agus is óige i gcontae ar bith in Éirinn agus tá fás ann de ghar do 80% i gcomparáid le 30% ar bhonn náisiúnta ó bhí 1996 ann[2]. Ó áireamh 2011 tá méadú 8% tagtha ar dhaonra Fhine Gall agus faoi 2021 táthar ag dréim go mbeidh daonra de thart ar 330,000 duine sa Chontae beoga agus éagsúil seo. Tá an daonra éagsúil ón taobh eitneach agus ón taobh cultúrtha de; rugadh 23% den daonra lasmuigh d'Éirinn (Áireamh 2016) Tháinig méadú 19% agus 20% faoi seach ar dhaonraí bunscoile agus iarbhunscoile Fhine Gall.

**The Write Time**

Le linn mhí Mheán Fómhair d'óstáil brainsí Leabharlainne Fhine Gall ceardlanna scríbhneoireachta agus cainteanna an údair don dara Féile 'Write Time'. I bhFéile 'Write Time' ceiliúrtar an focal scríofa agus labhartha i bhFine Gall, ag spreagadh na samhlaíochta agus ag gríosú na cruthaitheachta.

1 http://census.cso.ie/sapmap/
2 Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall 2016-2020


Leabharlanna agus Oifigí Chomhairle Fhine Gall
Leabharlann Bhaile Brigín
Leabharlann Sceirí
Leabharlann Bhaile Ghaire
Leabharlann an Rois
Leabharlann Dhomhnach Bat/ Phort Reachrann
AN MHÍ
Leabharlann Shoird
Ceanncheathrú na Leabharlann, Halla an Chontae
Cartlanna agus Staidéir Áitiúla
Leabharlann Mhullach Íde
Leabharlann Bhaile Dúil
Leabharlann Bhinn Éadair
Leabharlanna Bhaile Bhlainséir
Soghluaiste/Seirbhísí do Dhaoine atá Gafa sa Teach
Oifigí Bhaile Bhlainséir
CATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH
BAILE ÁTHA CLIATH THEAS
DÚN LAOGHAIRE/ RATH AN DÚIN




Iarradh ar rannpháirtithe i gcomhairliúchán poiblí pé rud a smaoiníonn siad air nuair a smaoiníonn siad ar an Leabharlann a scríobh síos, tá sampla freagairtí liostaithe thuas.



# Forléargas ar Leabharlanna Fhine Gall

# 5. Forléargas ar Leabharlanna Fhine Gall

Feidhmíodh Seirbhís Leabharlainne Fhine Gall, atá ina cuid bhunúsach den phobal agus ina bonneagar cultúrtha sa Chontae, agus a bhfuil 131 ball foirme inti[3], trí líonra deich mbrainsí agus tairgeann sé seirbhísí Soghluaiste, seirbhísí do Dhaoine atá Gafa sa Teach, seirbhísí Staidéar Áitiúil agus seirbhísí Cartlann.

Is ionann an bhallraíocht ghníomhach agus 30.4% den daonra agus tá na meán-uaireanta oscailte d'údarás leabharlainne ar bith sa tír is airde ann ag 44.6 uair an chloig in aghaidh na seachtaine.

In 2017, tugadh 1.14 milliún cuairt ar ár leabharlanna agus fuarthas beagnach 1.1 milliún mír ar iasacht. I gcomhar le leabharlanna brainse, soláthraíonn ár rannóg Staidéar Áitiúil agus Cartlanna agus ár n-aonad Soghluaiste agus do Dhaoine atá Gafa sa Teach réimse leathan seirbhísí, lena n-osclaítear domhan deiseanna agus foghlama do phobail éagsúla Fhine Gall.

Soláthraíonn Leabharlanna Fhine Gall réimse leathan seirbhísí traidisiúnta agus digiteacha, ag tairiscint rochtain 24 uair an chloig ar ríomhleabhair, ríomhirísí, ríomhnuachtáin agus cúrsaí ríomhfhoghlama. Tairgeann leabharlanna clár éagsúil imeachtaí cultúrtha agus oideachais ó chuairteanna údar agus seisiúin scéalaíochta go léachtaí staire agus cúrsaí géineolaíochta. Tá Ionad Europe Direct agus Seirbhís 'Work Matters' suite i mBaile Bhlainséir, Leabharlann shuaitheanta Fhine Gall chun tacú le gnó agus fiontraíocht (tá an tseirbhís 'Work Matters' ar fáil i Leabharlann Bhaile Brigín chomh maith).


Tá an tseirbhís leabharlainne ina cuid den Stiúrthóireacht Tithíochta agus Pobail ina gcuimsítear seirbhísí tithíochta, forbairt pobail, ealaíona agus spórt chomh maith. Tuairiscíonn an Leabharlannaí Contae do Stiúrthóir na Seirbhísí um Thithíocht agus Pobal agus tuairiscíonn an an stiúrthóir don Phríomhfheidhmeannach ansin.

Tuairiscíonn an tseirbhís leabharlainne do CBS (Coiste Beartas Straitéiseach) Ealaíne, Cultúir, Oidhreachta agus Pobail na Comhairle ansin. Tagann an Coiste le chéile ceithre huaire sa bhliain agus cuidíonn sé leis an gComhairle beartas leabharlainne a cheapadh agus a fhorbairt agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air.

**Leabharlanna Soghluaiste**

Fuaireamar trí veain shoghluaiste úra i ndeireadh 2017 agus in 2018 ciallaíonn an ceathrú veain gur athsholáthraíodh ár bhflít iomlán. Leis an infheistíocht de €1 mhilliún i bhflít na leabharlann soghluaiste cinnteofar go mbeidh rochtain ag gach ceantar den Chontae ar sheirbhís leabharlainne.

3 Figiúirí mhí na Nollag 2017




## Leabharlanna Brainse Fhine Gall

Tá líonra deich mbrainse leabharlann ag Comhairle Contae Fhine Gall ag Baile Brigín, Baile Dúil, Baile Bhlainséir, Domhnach Bat, Baile Ghaire, Binn Éadair, Mullach Íde, an Rós, Sceirí agus Sord. Is é Baile Bhlainséir, fo-bhaile in iarthar an Chontae, an suíomh ina bhfuil an brainse is mó sa líonra ag 2,619m$^2$, agus soláthraíonn Baile Ghaire timpeallacht tuaithe don bhrainse is lú ag 76m$^2$.

Is é an brainse is úire, Domhnach Bat/Phort Reachrann a d’oscail in Aibreán 2014, an t-aon leabharlann phoiblí in Éirinn atá comhshuite le hionad pobail agus caitheamh aimsire. Feistíodh an Leabharlann go leictreonach chomh maith chun freastal ar Mo Leabharlann Oscailte - tionscnamh a éascóidh úsáid na Leabharlainne lasmuigh de ghnáthuaireanta oscailte.

Bhuaigh an leabharlann sa Ros a d’oscail i mí Iúil 2010, gradaim do na hailtirí a thiontaigh é ó shéipéal den 19$^{ú}$ haois go leabharlann nua-aimseartha lánfheidhme.

Rinneadh dhá bhun-Leabharlann Carnegie i bhFine Gall a athchóiriú agus a leathnú - Baile Brigín in 2006 agus Mullach Íde in 2007. Téann Leabharlann Bhinn Éadair siar go dtí na 1930í, agus is athchóiriú agus leathnú d’iartheach agus d’iarbheairic RIC is ea Leabharlann Bhaile Dúil a d’oscail in 2004

Tá sé beartaithe ag an gComhairle leabharlann úr a thógáil i Sord in 2020, agus ní amháin go gcuirfear in ionad na leabharlainne atá sa bhaile cheana í ach beidh sí ina Leabharlann Chontae chomh maith d'Fhine Gall. Lonnaithe i gCeathrú Cultúrtha Shoird (CCS), beidh sí in aice le hamharclann agus cuimseofar inti láthair taispeántais, seomraí cruinnithe, láithreacha téamaithe do pháistí agus do dhaoine fásta, spásanna cruthaitheacha agus láithreacha staidéir agus machnaimh.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle chomh maith tús a chur le próiseas an athchóirithe ar Leabharlann Sceirí in 2018. Osclaíodh Leabharlann Carnegie ar dtús ii 1911 (i 19..., in 2000...) agus cuimseofar an lear mór bunghnéithe slána atá inti sa phróiseas athchóirithe.

Tá na Leabharlanna Soghluaiste agus na seirbhísí do Dhaoine atá Gafa sa Teach lonnaithe in Eastát Tionsclaíochta Chúil Mhín i mBaile Átha Cliath 15. Athsholáthraíodh trí cinn de na ceithre veain shoghluaiste in 2017 agus tá sé beartaithe go mbeidh an ceathrú veain sa fhlít in 2018.

Tá na Seirbhísí Staidéar Áitiúil agus Cartlann bunaithe ag Teach Chluain Meala i Sord ach tá sé beartaithe na seirbhísí sin a bhogadh isteach sa Leabharlann Chontae úr i Sord in am agus i dtráth. Tá ceanncheathrú Leabharlanna Fhine Gall bunaithe ag Halla an Chontae, Sord.

**Adhlactha i bhFine Gall (Buried in Fingal)**

Lainseáil roinn Staidéar Áitiúil agus Cartlann leabharlanna Fhine Gall an bunachar sonraí uathúil seo an 8 Bealtaine. Is bunachar ar líne, saor in aisce é sin de thaifid adhlactha Fhine Gall, atá innéacsaithe agus inchuardaithe go iomlán agus inrochtana do chách. Tá sé ar fáil ag https://buried.fingal.ie/



## Baill Foirne Leabharlanna Fhine Gall

Fostaítear 131 ball foirne buana faoi láthair i Roinn Leabharlann Chomhairle Contae Fhine Gall a sholáthraíonn seirbhísí túslíne don phobal ar fud an Chontae thar sheachtain sé lá. Tá plean lucht saothair a aontaíodh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in 2016 á chur chun feidhme ag an gComhairle lena chinntiú go bhfuil go leor baill foirne ann leis na seirbhísí leabharlainne a sheachadadh agus a fhorbairt.

Cinntíonn baill foirne Leabharlainne Fhine Gall, trí uasoiliúint agus oiliúint leanúnach, go mbíonn an tseirbhís leabharlainne a chuirtear ar fáil dinimiciúil, treisithe agus ábhartha do na saoránaigh ar a bhfreastalaíonn siad.

## Bailiúcháin agus Acmhainní Leabharlanna Fhine Gall

Tá 617,520 mír stoic i Leabharlanna Fhine Gall faoi láthair lena n-áirítear na bailiúcháin speisialta seo a leanas:

**Bailiúchán na Luathbhlianta:** Croíbhailiúchán de shraith sé leabhar atá oiriúnach lena n-úsáid ó bhreith go sé bliana d'aois, agus atá dírithe ar ranganna réamhscolaíochta agus bunscoile sóisearaí.

**Bailiúchán Bibliteiripe:** 38 teideal arna moladh ag gairmithe sláinte ina gcumhdaítear ábhair amhail dúlagar, imní agus dúshláin eile i réimse na meabhairshláinte. Tá siad sin á bhforlíonadh faoi láthair le bailiúcháin *Healthy Ireland at Your Library* agus le bailiúcháin *The Jigsaw* (Seirbhís Meabhairshláinte don Óige).

**Bailiúchán 'Work Matters':** Tairgeann na bailiúcháin 'Work Matters' leabhair agus ábhair thagartha, nuachtáin, irisí agus acmhainní ar líne do dhaoine atá ag lorg comhairle maidir le fostaíocht, forbairt ghairme agus fiontraíocht ghnó.

*Áirítear iad seo a leanas ar bhailiúcháin níos speisialaithe:*

**Bailiúchán Taistil:** Bailiúchán mór de scríbhneoireacht chlasaiceach taistil.

**Staidéir Áitiúla agus Cartlanna:** Áirítear ar na bailiúcháin speisialta Taifid Graíonna Chlochráin, comhfhreagras agus earraí cuimhneacháin Chumann na mBan, bailiúcháin Thomas Ashe, bailiúchán Spóirt Fhine Gall agus roghnúchán de pháipéir eastát Chlann Talbot de Mhullach Íde ar CD. Áirítear ar an stoc cartlainne Bailiúchán Hely-Hutchinson; Páipéir Eastáit Fhine Gall; Páipéir Eastát Hamilton, Barún Bhaile an Aba; Taifid Graíonna Chlochráin; páipéir a bhaineann le Cath Chill Dhéagláin 1916 agus Bridgid Connolly; Cartlanna Mhuileann Shackleton; Miontuairiscí Chumann Feirmeoireachta Fhine Gall agus líon bailiúchán beag. Is féidir féachaint ar bhailiúcháin chartlainne trí choinne a dhéanamh chomh maith.

> *Measaim gur acmhainn an-luachmhar í Leabharlann Bhaile Bhlainséir. Bhain mé leas aisti ó mo laethanta mar mhac léinn, nuair a bhí mé ag iompar clainne agus i mo mháthair, acmhainní do mo pháistí óga ar déagóirí iad anois.*
>
> Freagairt ar an suirbhé foirne





# 6. Seirbhísí Leabharlainne Fhine Gall

# 6. Seirbhísí Leabharlainne Fhine Gall

## Acmhainní agus Seirbhísí Traidisiúnta agus Digiteacha

Soláthraíonn ár gCóras Bainistíochta Leabharlann, Sierra, pointe aonair rochtana do bhaill leabharlainne ar os cionn 15 mhilliún mír sa 333 brainse leabharlainne ar fud na tíre. Faoin tseirbhís is féidir le baill na leabharlainne teidil a iarraidh agus iad sin a fháil seachadta go gasta agus go héifeachtach trína mbrainsí áitiúla.

Tairgeann Leabharlanna Fhine Gall acmhainní priontáilte traidisiúnta - leabhair, nuachtáin agus irisí – agus acmhainní neamhphriontáilte amhail leabhair labhartha, DVDanna, CDanna agus priontaí frámaithe.

Áirítear ar na seirbhísí digiteacha, atá ar fáil 24/7, rochtain saor in aisce ar leabhair, nuachtáin, greannáin, cúrsaí teanga leictreonacha agus acmhainní éagsúla foghlama ar líne. Tá tóir fós orthu, agus rinneadh 78,539 idirbheart ríomhsheirbhíse (disregard) in 2017.

Is féidir le baill úra clárú ar líne agus cinntítear le haip Fhine Gall go mbíonn an chatalóg ar líne, athnuachan míreanna agus an réimse seirbhísí digiteacha ar fáil ar ghléasanna móibíleacha. Tairgtear Wi-Fi saor in aisce, rochtain ar ríomhairí poiblí agus áis phriontála/chóipeála/scanta féinseirbhíse i ngach leabharlann bhrainse. Tá féinseirbhís lena mbaintear úsáid as teicneolaíocht RFID ar fáil ag sé leabharlann bhrainse faoi láthair. Tá gléasanna Wii le cluichí, agus iMacs ar fáil ag brainsí níos mó agus tairgeann Leabharlann Dhomhnach Bat Bord Cliste agus seirbhís phriontála 3T don phobal. Tairgeann Leabharlann Bhaile Brigín seirbhís phriontála 3T chomh maith.

Tá réimse teicneolaíochta cúnta ar fáil i ngach leabharlann bhrainse chun inrochtaineacht do gach leibhéal cumais agus míchumais a chinntiú. Baintear úsáid as comharthaíocht dhigiteach chun seirbhísí a chur chun cinn i mbrainsí agus baineann an fhoireann leabharlainne úsáid as réimse ardán meán sóisialta chun cur chun cinn a dhéanamh agus cumarsáid a dhéanamh le daoine aonair agus leis an bpobal.

### Aip Fhine Gall

Le haip Leabharlanna Fhine Gall is féidir leat an tseirbhís leabharlainne a rochtain ach cnaipe a bhrú. Áirítear ar roinnt de na gnéithe:

**Cianchuardach catalóige** - anois is féidir leat teideal a aimsiú, a chur in áirithe, a fháil ar iasacht nó a athnuachan, díreach ó do ghléas móibíleach. **Scanadh barrachóid** - cén fáth a gceannófá nuair is féidir leat iasacht a fháil? Leis an aip is féidir leat barrachód a scanadh ar theideal ar bith, áit ar bith, agus ansin an chatalóg a chuardach le féachaint ar féidir leat iasacht a fháil as. **Faisnéis leabharlainne** - ó imeachtaí go huaireanta oscailte go treoracha, gheobhaidh tú an t-eolas ar fad a theastaíonn uait le faisnéis seirbhíse a nuashonraítear go rialta.



> *Níl sé d'acmhainn againn ríomhaire a cheannach. Ní bheadh post faighte ag m'fhear céile gan ár Leabharlann agus úsáid a ríomhairí.*
>
> Freagairt ar an suirbhé foirne

## Imeachtaí ábhartha agus nuálacha a phleanáil

Tá sé mar aidhm ag an tseirbhís leabharlainne freastal ar speictream éagsúil de riachtanais daoine sna réimsí faisnéise, foghlama, cultúir, litearthachta, scileanna fostaíochta, tacaíochta gnó agus gníomhaíochtaí caitheamh aimsire. Gach mí bíonn réimse imeachtaí agus gníomhaíochtaí pleanáilte ar siúl i leabharlanna ar fud an Chontae, chun freastal ar na riachtanais sin. Is iad seo a leanas líon beag go díreach den chuid mhór imeachtaí a bhíonn ar siúl - cruinnithe clubanna leabhar, cuairteanna údar, seisiún scríbhneoireachta cruthaithí, ceardlanna géineolaíochta, foghlaim teangacha, cainteanna gnó agus léachtaí staire. In 2017, tugadh 1.14 milliún cuairt ar Leabharlanna Fhine Gall; bhain a lán do na cuairteanna sin le freastal ar cheann dár gcuid mhór imeachtaí.

## Taca a chur faoin litearthacht agus forbairt an léitheora a spreagadh

Tá cur chun cinn leabhar agus léitheoireachta i measc páistí óga tacaithe ag *'The Youngest Ages Can Turn Pages, Fingal County Libraries Early Years Literacy Strategy'* (2013). Ba é sin an chéad straitéis litearthachta leabharlann poiblí in Éirinn agus forbraíodh í i gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara pobail in earnáil na luath-oideachais agus oideachais tríú leibhéal. Is é is aidhm leis an straitéis feasacht a spreagadh faoin tábhacht a bhaineann le luathlitearthacht agus luathuimhearthacht agus tacaíocht a chur ar fáil le linn an phróisis litearthachta. Cláir is ea iad 'The Battle of the Book' agus 'The Big Sports Quiz' atá deartha le haghaidh léitheoirí níos muiníní agus tacaítear le litearthacht dhigiteach trí cheardlanna Coder Dojo agus priontála 3T. Cuirfimid an feachtas 'Right to Read' chun feidhme ar leibhéal Fhine Gall chomh maith. Leis an bhfeachtas sin soláthrófar creat a bheidh comhordaithe go náisiúnta le haghaidh tacaíocht agus forbairt litearthachta trí gach údarás áitiúil.

> *Tá mac agam a bhfuil disléicse air. Ceapaim go bhfuil an Leabharlann ina cuid dhílse d'oideachas ár dteaghlaigh.*
>
> Freagairt ar an suirbhé foirne



### Féile Staire Fhine Gall

Bhí féile Staire Fhine Gall ar siúl i dTeach an Droichid Nua, Domhach Bat, ó Dé hAoine an 29 Meán Fómhair go Dé Domhnaigh an 1 Deireadh Fómhair, 2017. Bhain daoine a bhfuil an-suim acu sa stair sult as cainteanna an-suimiúla, lena n-áirítear caint chun comóradh céad bliain Thomas Ashe a cheiliúradh, turas ar Theach an Droichid Nua agus a lán rudaí eile. D'éirigh chomh maith leis sin is go bhfuil sé beartaithe ag leabharlanna Fhine Gall é a chur ar siúl arís in 2018.

## Ómós áite a neartú tríd an stair agus tríd an gcultúr

Tugann Leabharlanna Fhine Gall tacaíocht d'fhorbairt stóir chuimhní Fhine Gall agus éascaítear sé sin trí fhorbairt bailiúchán, rannpháirtíocht an phobail, digitiú acmhainní stairiúla áitiúla, agus imeachtaí agus cláir chomhoibríocha comórtha a sheachadadh. Bhí ról suntasach ag Leabharlanna Fhine Gall i gClár Comórtha 1916 le sraith léachtaí, taispeántais, paca faisnéise do scoileanna, agus trí lá cuimhneacháin. Cuirfidh leabharlanna cion comhchosúil le Clár Éire Chruthaitheach 2017-2022.

## Tacú le Forbairt Eacnamaíoch

Tá an tseirbhís 'Work Matters' ar fáil ag Leabharlanna Bhaile Bhlainséir agus Bhaile Bhrigín chun tacú le gnó, fiontraíocht agus fostaíocht. Oibríonn baill foirne ó na Leabharlanna sin le gníomhaireachtaí áitiúla amhail an Cumann Comhlachais agus Oifigí Intreo chun imeachtaí a reáchtáil d'fhiontraithe atá ag teacht i gcrann agus do chuardaitheoirí poist. Tá acmhainní digiteacha saor in aisce lena n-áirítear bunachair shonraí agus seomraí cruinnithe is féidir a chur in áirithe roimhe ré ar fáil sa dá Leabharlann. Cuireann 'Work Matters' taca faoi thiomantas Leabharlanna Fhine Gall do thacaíocht a thabhairt do ghnó, fiontraíocht agus fostaíocht ar fud Fhine Gall. Déanfar an tseirbhís a leathnú go tuilleadh leabharlanna brainse ó dheireadh 2017, agus beidh maoiniú ar fáil ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Is é Ionad Europe Direct ag Baile Bhlainséir an nasc áitiúil leis an Eoraip do shaoránaigh Fhine Gall agus is fóram é le haghaidh rannpháirtíochta maidir le saincheisteanna Eorpacha. Óstáiltear imeachtaí le téamaí Eorpacha san Ionad agus soláthraítear faisnéis ann ar chearta an AE agus deiseanna maoinithe trí ghníomhaíochtaí faisnéise agus líonraithe. Óstálann Leabharlann Bhaile Bhlainséir 'Deasc Eorpach' chomh maith le tacú leo siúd a oibríonn le daoine óga san Eoraip.

## Folláine a Chumasú

Cuireann Leabharlanna Fhine Gall sláinte agus stíl mhaireachtála chun cinn trí réimse ábhar agus tionscnamh amhail *'The Healthy Reading Scheme'*: réimse d'ábhair fhéinchuidithe chun tacú leis an bhfolláine. Tá Fine Gall ar cheann de na sé údarás áitiúla a bhfuil páirt á glacadh acu sa treoirthionscadal 'HEAL - Health Education and Literacy'. Beimid páirteach sa tionscnamh "Healthy Ireland at your library" agus an tionscadal "Read your Mind" i gcomhpháirtíocht le 'Jigsaw', a chuireann béim ar cheisteanna meabhairshláinte i ndaoine óga. Is é ár n-aidhm dul i ngleic leis an gceist ríthábhachtach d' Fheasacht maidir leis an tSláinte i measc an phobail, le béim ar fheasacht maidir leis an tsláinte ar líne.

**R-Sheirbhísí**

Íoslódáil ár nAip, closleabhair, r-Leabhair, irisí agus nuachtáin ó réimse leathan atá á thairiscint. Tairgimid na céadta cúrsa saor in aisce chomh maith do gach ball de chuid leabharlanna Fhine Gall. Roghnaigh ónár réimse fairsing ríomhleabhar agus closleabhar, comicplus, foghlaim teanga mango, nuachtáin ar líne ProQuest, irisí agus nuachtáin dhigiteacha agus a lán eile.

# 7. Comhoibriú agus Comhpháirtíocht



# 7. Comhoibriú agus Comhpháirtíocht

Tá comhoibriú agus comhpháirtíocht tábhachtach do Leabharlanna Fhine Gall chun seirbhís cháilíochta a chur ar fáil. Aithnímid gurb é trí oibriú le chéile, comhoibriú le (*is rogha bhocht 'across' sa EN*) gníomhaireachtaí atá maoinithe go poiblí, leis an tsochaí shibhialta agus le páirtithe leasmhara eile gur féidir linn na hacmhainní atá ar fáil dúinn a chomhordú ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla chun feabhas a chur ar chaighdeán na beatha agus ar fholláine an phobail. Trí chomhpháirtíochtaí, is féidir le Leabharlanna Fhine Gall réimse seirbhísí leabharlainne agus faisnéise a chur ar fáil agus freastal ar riachtanais éagsúla an phobail agus ar a riachtanais atá ag athrú. Leis an rannpháirtíocht sin éascaítear fairsingiú ról na leabharlann mar idirghabhálaí i bpróiseas na foghlama ar feadh an tsaoil, ón luath-óige go dtí an saol aosaich. Seo thíos blas de na himeachtaí a thionóil Leabharlanna Fhine Gall le páirtithe éagsúla chun a gcuid (*is Ultach mise atá ag oibriú le dreamanna ó theas le 15 bliana anois - mholfainn go ndéanann tú 'le' a sheachaint i bhafbhar 'chun' – sin ráite bheadh sé mar Béarla a léamh agus d'aistriúchán a phrofáil, bhí sé chomh soiléir agus glan ó arsaíochtaí!*) ) seirbhísí a fheabhsú.

## Seirbhís Litearthachta do Pháistí

Soláthraíonn Leabharlanna Fhine Gall réimse leathan tionscnamh a thacaíonn le litearthacht páistí agus tá Straitéis Litearthachta forbartha acu do na Luathbhlianta don Chontae. Ó scéalaíocht ar thraein ghaile le Craobh-údar na nÓg go cuairteanna údar agus 'Battle of the Book', baintear úsáid as réimse éagsúil de chineálacha cur chuige atá núíosach agus cruthaitheach chun scileanna litearthachta a fhorbairt agus suim sa léitheoireacht i measc ár bpáistí agus daoine óga a chur chun cinn. I ndáil le seirbhísí litearthachta do pháistí, chomhoibríomar le scoileanna áitiúla, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir i mBaile Bhlainséir agus Tithíocht Sofia i nDomhnach Bat, i measc eile, ar réimse tionscadal.

### Right to Read

Tá an Feachtas 'Right to Read' á fhorbairt chun creat a bheidh comhordaithe go náisiúnta a sholáthar le haghaidh tacaíocht agus forbairt litearthachta a sholáthar trí gach údarás áitiúil i gcomhréir leis an gClár don Rialtas. Tá seirbhís na leabharlann poiblí ríthábhachtach maidir leis an bhFeachtas 'Right to Read' a sheachadadh. Soláthraíonn leabharlanna pobail an lae inniu réimse leathan seirbhísí maidir le faisnéis, foghlaim, cruthaitheacht, cultúr agus gníomhaíocht phobail, agus tá forbairt léitheoireachta agus léitheoirí fós ina gcuspóirí bunúsacha, a sholáthraítear trí lucht saothair oilte na leabharlann.





## Read Your Mind

Le tionscadal 'Read Your Mind' i gcomhar le 'Jigsaw' Bhaile Bhlainséir agus 'Jigsaw'Fhine Gall Thuaidh cuirfear tacaíocht ar fáil do dhaoine óga a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu. Le 'Read Your Mind' tugtar le chéile bailiúchán luachmhar ina bhfuil os cionn 113 leabhar ar an meabhairshláinte atá ar fáil saor in aisce do dhaoine óga, dá dtuismitheoirí agus dá gcairde ag leabharlanna ar fud Fhine Gall.

## Foghlaim ar feadh an tSaoil

Tá ról ag an leabharlann phoiblí i dtacaíocht a thabhairt don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus tá cur chuige Leabharlanna Fhine Gall bunaithe ar an tuiscint nach dtosaíonn agus nach gcríochnaíonn an fhoghlaim leis an oideachas foirmiúil. D'fhéadfadh baint a bheith ag an bhfoghlaim le fostaíocht daoine agus gnáthshaol laethúil daoine, agus d'fhormhór na ndaoine, is gníomhaíocht ar feadh an tsaoil é. I sochaí atá ag éirí níos casta i gcónaí caithfidh daoine scileanna úra a ghnóthú, lena n-áirítear scileanna a bhaineann le TF agus teicneolaíochtaí úra, ag céimeanna éagsúla den saol. Tacaímid leis an bpobal san fhoghlaim ar feadh an tsaoil trí imeachtaí agus gníomhaíochtaí éagsúla i ngach brainse leabharlainne ar fud Fhine Gall. Seachadtar an fhoghlaim ar feadh an tsaoil i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobal áitiúil (*is é an pobal atá 'áitiúil', chan na grúpaí*) amhail cumainn staire, Boird Oideachais agus Oiliúna, Aoisghníomhaíocht, Digitiiú an Náisiúin (*ní ordú é – 'digitilization of the nation' atá i gceist*), Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir, Ollscoil na Tríú hAoise agus gnólachtaí amhail ÚABÁC (*maidir le giorrúcháin, muna bhfuil siad léirithe cheana fein, de ghnáth ba cheart iad a litriú amach tar éis an ghiorrúcháin i lúibíní - Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath*) mar chuid de na cláir um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach.

## Libraries' STEAM programme

Tá cláir STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona agus an Mhatamaitic) ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí chun teicneolaíochtaí agus deiseanna atá ag teacht chun cinn a thuiscint agus a bheith páirteach iontu.

Tionólann leabharlanna Fhine Gall gníomhaíochtaí STEAM-bhunaithe suimiúla agus spórtúla do phaistí ar fud líonra leabharlann. Is é an aidhm scileanna agus eolas a fhorbairt lena spreagfar imscrúdú, fionnachtain agus foghlaim luath ar an eolaíocht. Tionóltar cuid de na himeachtaí i gcomhar le heagraíochtaí amhail Bricks 4 Kidz agus an tIonad Athfhionnta, chomh maith le himeachtaí eile a eagraítear go hinmheánach. Bealach iontach is ea iad na himeachtaí chun go mbeidh páistí sa phobal tógtha leis na réimsí sin toisc go gcuidíonn siad lena gcumas cruthaitheach agus scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt.



## Tacaíocht d'fhorbairt eacnamaíoch

Ghlac Leabharlanna Fhine Gall páirt i dtreoirchlár náisiúnta leis an gGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil chun páirtithe leasmhara a shainaithint, comhpháirtíochtaí a chruthú agus sásraí comhoibrithe atá inmharthana agus comhthairbheach a fhorbairt. Oibreoimid le hobair na gcomhlachtaí atá liostaithe thíos a chomhlánú, atá bainteach i seachadadh seirbhísí tacaíochta gnó agus fostaíochta go háitiúil agus tá bunú láithreacha 'Work Matters' i leabharlanna Fhine Gall mar thoradh air sin.

- Oifig Fiontraíochta Áitiúil (OFÁ)
- Cumainn Tráchtála Fhine Gall
- An tSeirbhís Fostaíochta Áitiúil
- Bord Oideachais agus Oiliúna
- (BOO) INTREO
- Líonra IE
- Oifig Paitinní na hÉireann
- Ranna Chomhairle Contae Fhine Gall
- An Coimisiún Eorpach (Trí 'Europe Direct')

Work Matters at the Library
SUPPORT FOR BUSINESS & EMPLOYMENT

### 'Work Matters' ag Leabharlanna Fhine Gall

Bíodh sé ina smaoineamh le haghaidh gnólacht nuathionscanta nó gnó ag fás, tairgimid spás oibre saor in aisce a oireann go han-mhaith do riachtanais ár n-aoise digití. Soláthraíon 'Work Matters' faisnéis maidir le gnó, cuardach post, cur chun cinn gairme, leabhair agus ábhair thagartha, nuachtáin, irisí agus acmhainní ar líne. Is féidir leat leas a bhaint chomh maith as imeachtaí líonraithe agus ceardlanna éagsúla.

# 8. Maoiniú



# 8. Maoiniú

Tá seirbhís leabharlainne Fhine Gall maoinithe ó bhuiséad bliantúil na Comhairle, agus tá glacadh an bhuiséid coimeádta d'fheidhm na gcomhaltaí tofa. Cumhdaítear faoin mbuiséad costas oibriúcháin na Seirbhíse Leabharlainne, lena n-áirítear an Roinn Cartlann, agus costais seirbhíse agus tacaíochta.

Gné shuntasach de chuid bhuiséad na leabharlann is ea an ciste leabhar a mhéadófar faoi 6.6% in 2018 €800,000. Le próiseas náisiúnta soláthair a chuir an GBRÁ (an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil - mar thuas) i bhfeidhm in 2016 cinntítear luach maith ar airgead maidir le leabhair, CDanna agus DVDanna a cheannach. In mí na Samhna 2017, d'fhógair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail pacáiste infheistíochta de €3.75 milliún do leabharlanna poiblí, chun seirbhísí a fheabhsú agus an bealach a réiteach le haghaidh Straitéis náisiúnta Leabharlann Poiblí úr a lainseáil in 2018. Gheobhaidh Leabharlanna Fhine Gall os cionn €100,000 den mhaoiniú sin chun leanúint le cur i bhfeidhm na teicneolaíochta féinseirbhíse, an tionscnamh gnó agus fostaíochta 'Work Matters' a fhairsingiú chuig tuilleadh brainsí, agus an stoc leabhar sna veaineanna leabharlann soghluaiste úra a fhorlíonadh.

### Foinsí maoinithe:

| | | |
|---|---|---|
| Deontais na Roinne Gnóthaí Pobail agus Tuaithe | Deontais & fóirdheontais eile | Táillí agus fíneálacha leabharlann |

## Clár Caipitil

I gClár Caipitil Chomhairle Contae Fhine Gall[4] leagtar amach mórthionscadal bonneagair atá beartaithe do cheantar Fhine Gall, ina gcuimsítear tógáil tithe, bóithre, saoráidí pobail agus caitheamh aimsire. Clár rollach trí bliana is ea an clár Caipitil a athbhreithnítear agus a nuashonraítear gach bliain. Braitheann seachadadh an Chláir Chaipitil ar an maoiniú a bheidh ar fáil agus ar na próisis phleanála agus tairisceana. Áirítear ar an gclár Caipitil do 2017-2019 maoiniú le haghaidh athchóiriú Leabharlann Sceirí agus forbairt na Leabharlainne Contae úire i gCeanncheathrú Cultúrtha Shoird.

### Sources of funding for the Capital Programme:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Státchiste/ Maoiniú AE | Iasachtaí | Tobhaigh forbartha | Acmhainní na Comhairle |

4 Clár Caipitil Chomhairle Contae Fhine Gall
http://www.fingal.ie/your-council/budgets-expenditure-and-financial-statements/capital-programme/



# 9. Spriocanna agus Cuspóirí Straitéiseacha Leabharlanna Fhine Gall 2018-2023

## Fís

Beidh Leabharlanna Fhine Gall ina spás dinimiciúil agus uilechuimsitheach, a thacóidh leis an gcultúr, caitheamh aimsire, litearthacht, oideachas agus forbairt eacnamaíoch sa Chontae

# Cuspóir 1:
# Lucht saothair

A chinntiú go bhfuil foireann sna leabharlanna atá sároilte, eolach agus ina foireann a dhíríonn ar na custaiméirí.

D'fhorbair Leabharlanna Fhine Gall agus Rannóg AD na Comhairle plean lucht saothair agus tá sé á chur chun feidhme acu faoi láthair, faoi mar a cinneadh sa tuarascáil 'Seirbhísí Leabharlainne Éifeachtúla a Bhainistiú'. Leis an earcaíocht le déanaí ar gach leibhéal de bhaill foirne ghairmiúla agus neamhghairmiúla is ionann na leibhéil soláthair foirne anois i Leabharlanna Fhine Gall agus 131.

## Gníomhaíochta

| | |
|---|---|
| **1.1** | Líonta foirne a choinneáil arna gcinneadh leis an bplean lucht saothair reatha. Acmhainní soláthair foirne breise a lorg de réir mar a mhéadóidh daonra an Chontae agus mar a fhorbróidh seirbhísí úra. |
| **1.2** | A chinntiú go bhfaighidh na baill foirne an oiliúint chuí agus go ngnóthaíonn siad na scileanna is gá lena gcur ar a gcumas a gcuid oibre a dhéanamh. |
| **1.3** | Deiseanna a chur ar fáil do bhaill foirne le páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach trí scéim na Comhairle um Chúnamh agus laistigh den PMDS agus de chreat inniúlachta. |
| **1.4** | A chinntiú go gcloítear le ceanglais um chosaint ábhartha leanaí, sláinte agus sábháilteacht, agus ceanglais reachtúla eile i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta agus beartais na Comhairle. |



*Le Makerspace i leabharlanna poiblí is féidir tuilleadh rochtain rannpháirtíochta a oscailt le haghaidh ceardlanna digiteacha, na n-ealaíon agus na ceardaíochta, staidéar grúpaí, agus leabharlanna cur chun cinn do leabharlanna*

Freagairt ar an suirbhé foirne

# Cuspóir 2:
# Caipiteal agus Bonneagar

Spásanna ardchaighdeáin, fáilteacha, inrochtana a chur ar fáil, ina bhfreastalaítear ar riachtanais úsáideoirí leabharlainne.

Sainítear leabharlanna poiblí inniu ní amháin trína n-acmhainní priontáilte agus digiteacha agus trína spásanna ardchaighdeáin a sholáthraítear iontu do dhaoine aonair agus do ghrúpaí. Tá an Leabharlann anois ina 'seomra suí pobail' nó an 'tríú spás' sin idir an baile agus an obair, áit a bhfuil fáilte roimh dhaoine a bheith páirteach, a bheith ag cruthú agus a bheith ag foghlaim.

## Gníomhaíochta

| | |
|---|---|
| **2.1** | Leabharlann Chontae a chur ar fáil mar chuid d'Ionad Cathrach agus Cultúrtha Shoird. Cuirfear an leabharlann úr seo in aonad na leabharlainne brainse atá i Sord cheana agus coinneofar staidéir áitiúla agus bailiúcháin chartlainne inti chomh maith. |
| **2.2** | Leabharlann Sceirí a athchóiriú chun saoráid níos fearr a chur ar fáil don cheantar. |
| **2.3** | Bonneagar leabharlainne a fhorbairt agus a chothabháil ionas go leanfaidh sé le freastal ar riachtanais an phobail agus freastal ar na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. |
| **2.4** | Breathnú ar fhorbairt brainsí leabharlainne úra i gceantair ina bhfuil na daonraí ag fás. |

*...Ba mhaith liom an tSeirbhís Leabharlainne a fheiceáil ag oiriúnú agus ag freastal ar dhaonra atá éagsúil: Agus í ag leanúint lena héiteas um inrochtaineacht do chách agus tacaíocht a thabhairt do riachtanais oideachais agus caitheamh aimsire ár n-úsáideoirí is óige trí gach céim dá saol*

Freagairt ar an suirbhé foirne



# Cuspóir 3: Bailiúcháin agus Acmhainní

## Dícheall a dhéanamh riachtanais ár n-iasachtaithe a aithint agus freastal orthu, de réir ár mBeartais Forbartha Bailiúcháin a athbhreithníodh le déanaí.

Le tuiscint ar an teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn i gcónaí beimid ábalta a bheith ábhartha an t-am ar fad leis na hacmhainní a thairgimid. Tuigimid a mhéid a chumasóidh cur chuige nuálach maidir le bainistíocht bailiúchán soláthar seirbhísí leictreonacha úrscothacha i gcomhar le formáidí níos traidisiúnta.

Leanfaidh Leabharlanna Fhine Gall ag aithint go gcaithfidh na bailiúcháin agus na hacmhainní teacht le riachtanais ár n-iasachtaithe atá ag éirí níos éagsúla i gcónaí. Comhlíonfaidh na bailiúcháin, a mhéid is praiticiúil, na riachtanais shainiúla dhéimeagrafacha, theangeolaíocha agus chultúrtha.

## Gníomhaíochtaí

| | |
|---|---|
| **3.1** | Leanúint le stoc leabharlainne a chur ar fáil i bhformáidí éagsúla a thagann le riachtanais iasachtaithe. |
| **3.2** | Leanúint le hacmhainní r-sheirbhíse a fhorbairt amhail leabhair in-íoslódáilte, closleabhair, nuachtáin, irisí agus cúrsaí foghlama. |
| **3.3** | Leanúint le measúnú a dhéanamh ar sholáthar bunachair shonraí ar líne agus bailiúcháin speisialta chun na hacmhainní faisnéise is ábhartha a chur ar fáil d'úsáideoir na seirbhísí. |
| **3.4** | Ábhar Staidéar Áitiúil agus Cartlann a scanadh chun digitiú a dhéanamh agus méadú ar inrochtaineacht thar an timpeallacht fhisiciúil. |
| **3.5** | Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas um Fhorbairt Bailiúchán lena chinntiú go mbeidh Leabharlanna ábalta na hábhair bhailiúcháin agus acmhainne is ábhartha a chur ar fáil, laistigh de pharaiméadair faoi leith. |



*...Freastalaíonn leabharlanna Fhine Gall ar dhaonra atá éagsúil agus tá ról tábhachtach acu maidir le comhtháthú...*

Freagairt ar an suirbhé foirne

# Cuspóir 4:
# Pleanáil imeachtaí agus gníomhaíochtaí

An pobal a spreagadh lena chumas iomlán a bhaint amach agus páirt a thabhairt do na saoránaigh ar fad trí chlár nuálach imeachtaí agus gníomhaíochtaí.

Léireoidh pleanáil Leabharlanna Fhine Gall cláir náisiúnta thart ar théamaí amhail cultúr, cruthaitheacht, oidhreacht agus eolaíocht agus tiocfaidh sé le riachtanais éagsúla agus shainiúla ár saoránach ar fud Fhine Gall. Shroichfidh sé lucht féachana/éisteachta de gach uile aois, gach uile chultúr agus gach uile eitneacht agus cruthóidh sé ardán uilechuimsitheach le haghaidh comhair, forbartha, rannpháirtíochta agus teagmhála.

Beidh foghlaim ar feadh an tsaoil ina príomhghné i Leabharlanna Fhine Gall agus beidh deiseanna ann páirt a ghlacadh san fhoghlaim neamhfhoirmiúil ag gach céim den saol i dtimpeallacht uilechuimsitheach agus fháilteach.

## Gníomhaíochtaí

| | |
|---|---|
| **4.1** | Ról tábhachtach a ghlacadh maidir le tionscadail de Chlár Éire Ildánach (féach thíos) a sheachadadh laistigh dár líonra leabharlann. |
| **4.2** | Leanúint le seirbhís faisnéise fostaíochta agus gnó a chur ar fáil dár saoránaigh tríd an gclár 'Work Matters'. |
| **4.3** | Naisc le faisnéis Eorpach a chinntiú trí Ionad Faisnéise Europe Direct i mBaile Bhlainséir a óstáil. |
| **4.4** | A chinntiú go bhfuil rochtain ag ár saoránaigh ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn trí STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona agus an Mhatamaitic) a thairgeadh, bunaithe ar ghníomhaíochtaí do gach uile aois. |
| **4.5** | Imeachtaí náisiúnta bliantúla a phleanáil amhail Bealtaine, Seachtain na hEolaíochta, Seachtain na hOidhreachta agus Seachtain na Gaeilge i measc eile. |
| **4.6** | Nascadh le pobail agus scoileanna trí ghníomhaíochtaí agus seirbhísí arna soláthar lenár seirbhís leabharlann soghluaiste. |
| **4.7** | Plean Gníomhaíochta 'Right to Read' a fhorbairt i gcomhréir leis na treoirlínte náisiúnta. |
| **4.8** | Clár gníomhaíochtaí a fhorbairt don Tionscnamh 'Healthy Ireland' ag do leabharlann. |
| **4.9** | Leanúint le seirbhísí aoisbháúla a chur ar fáil i gcomhréir le beartais Chomhairle Contae Fhine Gall. |

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022

# Cuspóir 5: Teicneolaíocht

## Staid leabharlann sa phobal mar phríomhphointí rochtana ar theicneolaíocht faisnéise agus seirbhísí digiteacha a neartú

Déanfaimid ár ndícheall feabhas leanúnach a chur ar ár seirbhís leabharlainne trí fhaisnéis agus trí Theicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) atá ag teacht chun cinn, a thiocfaidh le treochtaí na sochaí go ginearálta agus go sainiúil chun feabhas a chur ar na bealaí cumarsáide lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Déanfaimid ár mbailiúcháin dhigiteacha a fhorbairt agus a chur chun cinn agus feabhsóimid an rochtain orthu, lena n-áirítear ábhar staire cartlainne agus áitiúla agus soláthróimid deiseanna oiliúna chun an deighilt dhigiteach a dhúnadh.

Táimid tiomanta do sheirbhís nuálach ar mhórán teicneolaíochta a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais reatha agus amach anseo ár bpobal.

# Gníomhaíochtaí

| | |
|---|---|
| **5.1** | Seirbhísí idirlín agus Wi-Fi a chothabháil agus a uasghrádú. |
| **5.2** | Saoránaigh a chumhachtú trí spás oiliúna uathúil saor in aisce a chur ar fáil agus deiseanna foghlama a thairiscint. |
| **5.3** | Feabhas a chur ar an rochtain phoiblí ar bhailiúcháin agus seirbhísí digiteacha. |
| **5.4** | Teicneolaíochtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a aithint. |
| **5.5** | Cur i bhfeidhm na teicneolaíochta féinseirbhíse/RFID i mbrainsí a chur i gcrích trí é a shuiteáil ag Leabharlanna Bhaile Dúil, Bhaile Ghaire, Bhinn Éadair agus Scéirí. |

*Ba cheart leabharlanna a chur chun cinn mar mheithleacha machnaimh/stóir smaointe don phobal: Spás cruinnithe agus bailithe do bhaill den phobal le smaointe a mhalartú.*

Freagairt ar an suirbhé foirne

# Cuspóir 6:
# Margaíocht agus Cumarsáid

Fógróidh Leabharlanna Fhine Gall iad féin mar spás daonlathach, uilechuimsitheach agus dinimiciúil a bheidh ar oscailte gan srian do gach duine a oibríonn agus atá ina gcónaí sa Chontae. Déanfar an gá atá le díriú ar úsáideoirí agus neamh-úsáideoirí araon leabaithe inár straitéis margaíochta agus cumarsáide agus leanfaimid de bheith freagrúil do riachtanais faisnéise agus phobail atá ag athrú.

Beidh Leabharlanna Fhine Gall páirteach le gach príomhpháirtí leasmhara lena n-áirítear ionadaithe tofa, saoránaigh, baill foirne, ranna eile sa Chomhairle agus eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta lena chinntiú go dtuigimid cad a theastaíonn ón tseirbhís leabharlainne le linn shaolré an phlean seo agus ina dhiaidh sin.

Táimid ailínithe le spriocanna corparáideacha agus straitéiseacha na Comhairle agus cuirfimid na spriocanna sin in iúl trínár ngníomhaíochtaí, trínár líonra brainsí agus trínár n-ilbhealaí margaíochta.

## Gníomhaíochtaí

| | |
|---|---|
| **6.1** | Oibriú le Coistí Beartas Straitéiseach, an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí, an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtrach agus gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta ábhartha. |
| **6.2** | Athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais faisnéise páirtithe leasmhara ar bhonn rialta agus muid ag freagairt do dhéimeagrafaíocht atá ag athrú. |
| **6.3** | Páirt a thabhairt do shaoránaigh ag baint úsáid as gach cineál ardán cumarsáide agus meán sóisialta. |
| **6.4** | Iniúchadh a dhéanamh ar mhodhanna úra agus modhanna atá ag teacht chun cinn maidir le margaíocht agus cumarsáid agus leanúint le teicneolaíochtaí cumarsáide úra a ghlacadh go luath. |
| **6.6** | Naisc le cainéil áitiúla agus náisiúnta meán a chothú agus a neartú. |

*Ba cheart Ranna eile de chuid na Comhairle a spreagadh chun féachaint ar leabharlanna mar phost for-rochtana - tá an spás againn laistigh den phobal ar féidir leo é (spás) a úsáid do chomhairliúcháin phoiblí etc.*

Freagairt ar an suirbhé foirne

# Cuspóir 7:
# Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí


A chinntiú go mbeidh Leabharlanna Fhine Gall infheicthe agus ábhartha sa phobal i gcónaí trí chomhoibriú agus trí chomhpháirtíochtaí. Le forbairt líonra agus comhoibriú beimid ábalta acmhainní a roinnt, cláir úra a fhorbairt, saineolas úr a ghnóthú agus lucht féachana/éisteachta úr a shroicheadh.

Agus naisc á ndéanamh agus comhpháirtíochtaí á bhforbairt le páirtithe leasmhara lena n-áirítear ranna eile na Comhairle, grúpaí náisiúnta agus áitiúla agus an earnáil ghnó agus oideachais, is féidir le Leabharlanna Fhine Gall réimse seirbhísí leabharlainne agus faisnéise a chur ar fáil agus freastal ar riachtanais éagsúla an phobail agus ar a riachtanais atá ag athrú.

Glacfaidh Leabharlanna Fhine Gall páirt in idirphlé le páirtithe sa phobal lenár ról mar idirghabhálaithe i bpróiseas na foghlama ar feadh an tsaoil a fhairsingiú, ón luath-óige go dtí an saol aosaigh.

## Gníomhaíochtaí

| | |
|---|---|
| **7.1** | Oibriú le hAonad Forbartha Leabharlann an GBRÁ maidir le cláir náisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. |
| **7.2** | Comhoibriú le soláthraithe seirbhíse áitiúla san earnáil dheonach agus san earnáil phobail le huas-ábharthacht pleanála clár agus teagmháil leis an bpobal a chinntiú. |
| **7.3** | Leanúint le bheith páirteach le Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Fhine Gall agus leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil. |
| **7.4** | Leanúint le rannpháirtíocht bhríoch a chothú le réamhscoileanna, bunscoileanna agus meánscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal. |
| **7.5** | Tacaíochtaí níos fearr litearthachta agus léitheoireachta teaghlaigh a sheachadadh faoi mar atá léirithe (tugtar leanúnachas le tuiscint seachas rud atá déanta uair amháin – féach Treoracha DGT) inár bPlean Gníomhaíochta 'Right to Read' agus Litearthachta. |
| **7.6** | Cláir chomhoibríocha a sheachadadh le Ranna eile de chuid na Comhairle eile amhail an Roinn Ealaíon, Pobail agus Spóirt. |
| **7.7** | Bheith páirteach in 'Jigsaw' chun tionscnaimh a sheachadadh a bhaineann le faisnéis faoin meabhairshláinte do dhaoine óga. |



# Cur chun Feidhme agus Monatóireacht

Le linn shaolré Phlean Forbartha Leabharlann Fhine Gall (2018-2023) leanfaimid le monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais athraitheacha phobal Fhine Gall, pobal atá éagsúil agus atá ag méadú go gasta, freagróimid orthu agus tuarfaimid iad. Déanfar athbhreithniú rialta ar an bPlean agus cuirfear i gcomhthéacs é le Plean Corparáideach Chontae Fhine Gall agus beartais agus pleananna ábhartha eile.

Maidir le cur chun feidhme tabharfaimid páirt do na baill foirne trí chruinnithe rialta foirne nuair a spreagfar aiseolas faoin dul chun cinn agus ina lorgófar moltaí go gníomhach ón bhfoireann.

Le rannpháirtíocht éifeachtúil lenár n-iasachtaithe trí sholáthar ardleibhéal seirbhíse do chustaiméirí beimid ábalta freagairt go gasta ar riachtanais phobail atá ag athrú.

Leanfaidh ár n-idirphlé leis an bpobal trínár gcomhoibriú agus comhpháirtíochtaí le bonn eolais a chur faoi fhorbairt na seirbhíse leabharlainne i bhFine Gall.

Iarrfar aiseolas leanúnach agus leanfar le meastóireacht a dhéanamh ar imeachtaí agus ar chláir. Feabhsófar feidhmíocht na foirne trí oiliúint agus trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach, ar a ndéanfar measúnú mar chuid dár gcóras bainistíochta feidhmíochta.

Cinnteofar le rannpháirtíocht ar an leibhéal náisiúnta go mbainfear spriocanna ardleibhéil amach.

Tuairisceoidh Leabharlanna Fhine Gall faoi dhul chun cinn agus faoi chur chun feidhme an Phlean don Choiste Beartas Straitéiseach Ealaíne, Cultúrtha, Oidhreachta agus Pobail agus leanfar le hionadaíocht a dhéanamh ar a son ar choistí idir-roinne agus ar ghrúpaí oibre laistigh den Chomhairle.

> *... áit inár féidir leat suí síos agus tú féin a chailliúint in eachtraíocht ar feadh tamaill nó leabhair a fháil ar iasacht agus a thabhairt leat abhaile...*
>
> Trácht ó rannpháirtí i gcomhairliúchán




### Healthy Ireland at your library

Tionscnamh rialta is ea *Healthy Ireland* a bhfuil sé d'aidhm leis sochaí a chruthú inar féidir le gach duine sláinte mheabhrach agus choirp a bheith acu agus áit ina bhfuil meas ar an bhfolláine agus ina dtacaítear léi. Seirbhís úr iontach is ea *Healthy Ireland at your Library* a d'fhorbair ón tionscnamh *Healthy Ireland* agus tá sé ar fáil saor in aisce i Leabharlanna Chontae Fhine Gall.

# Aguisín 1: Pointí seirbhíse, buiséad agus stoc

## Pointí Seirbhíse

**Leabharlann Bhaile Brigín**
Cearnóg Sheoirse, Baile Brigín.,
Contae Bhaile Átha Cliath, K32 TW27
Ríomhphost: balbrigganlibrary@fingal.ie

**Leabharlann Bhaile Dúil**
An Meal (amach ó Bhóthar na Trá)
Baile Dúil, Baile Átha Cliath 13 D13 Y304
Ríomhphost: baldoylelibrary@fingal.ie

**Leabharlann Bhaile Ghaire**
An tIonad Cathrach, Lárionad Bhaile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15, D15 RY73
Ríomhphost: blanchlib@fingal.ie
Ríomhphost: blanchref@fingal.ie

**LeabharlannPhobail Dhomhnach Bat**
Lárionad Caitheamh Aimsire Pobail Dhomhnach Bat,
Bóthar Phort Reachrann, Domhnach Bat,
Co. Bhaile Átha Cliath, K36 F598
Ríomhphost: donabate.library@fingal.ie

**Leabharlann Bhaile Ghaire**
An tSráid Mhór, Baile Ghaire,
Contae Bhaile Átha Cliath, A42 Y437
Ríomhphost: garristownlibrary@fingal.ie

**Leabharlann Bhinn Éadair**
An tSráid Mhór, Binn Éadair,
Baile Átha Cliath 13, D13 VY50
Ríomhphost: howthlibrary@fingal.ie

**Leabharlann Mhullach de**
An Meal, Mullach Íde,
Co. Bhaile Átha Cliath, K36 EW63
Ríomhphost: malahidelibrary@fingal.ie

**Leabharlann an Rois**
Faiche an tSéipéil, an Ros,
Contae Bhaile Átha Cliath, K56 ED95
Ríomhphost: rushlibrary@fingal.ie

**Leabharlann Sceirí**
Sráid na Trá, na Sceirí,
Co. Bhaile Átha Cliath, K34 FT61
Ríomhphost: skerrieslibrary@fingal.ie

**Leabharlann Shoird**
Bóthar Ráth Béil, Sord,
Co. Bhaile Átha Cliath, K67 YP79
Ríomhphost: swordslibrary@fingal.ie

**Leabharlann Shoghluaiste**
Aonad 34, Eastát Tionsclaíochta Chúil Mhín,
Baile Átha Cliath 15, D15 Y271
Ríomhphost: mobilelibraries@fingal.ie

**Seirbhís do Dhaoine atá Gafa sa Teach**
Ríomhphost: houseboundlibrary@fingal.ie

**Leabharlann Staidéar Áitiúil agus Cartlanna**
Tá rochtain ar ár mbailiúcháin ar fáil i Seomra Léitheoireachta Leabharlann Staidéar Áitiúil agus Cartlanna Fhine Gall, Teach Chluain Meala, Siúlán Forster, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
Ríomhphost: local.studies@fingal.ie

## Buiséad Ioncaim do Leabharlanna agus Cartlanna 2015-2017

| | 2017 | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Oibríochtaí na Seirbhíse Leabharlainne** | 6,270,600 | 6,102,700 | 5,755,800 |
| **Seirbhísí Cartlainne** | 107,400 | 103,700 | 115,700 |
| **Ciste Leabhar** | 750,000 | 750,000 | 750,000 |
| **Costais Tacaíochta Seirbhíse** | 5,045,600 | 4,910,100 | 4,912,300 |
| **Iomlán** | **12,173,600** | **11,866,500** | **11,533,800** |

## Stoc 2017

| Brainsí Leabharlainne agus Míreanna sa Stoc | | | |
|---|---|---|---|
| **Baile Brigín** 65,798 | **Siopa Leabhar** 15,944 | **Staidéir Áitiúla** 18,166 | **Mullach Íde** 71,314 |
| **Baile Dúil** 30,750 | **Foireann Leabharlainne** 10,236 | **Leabharlanna Soghluaiste** 71,889 | **An Ros** 36,432 |
| **Baile Bhlainséir** 149,981 | **Seirbhísí do Dhaoine atá Gafa sa Teach** 15,712 | **Baile Ghaire** 13,851 | **Na Sceirí** 20,975 |
| **Domhnach Bat** 15,699 | **Ceanncheathrú** 1,303 | **Binn Éadair** 22,118 | **Sord** 57,352 |
| **Iomlán 617,520** | | | |

# Aguisín 2: Ballraíocht agus gníomhaíochtaí

## Ballraíocht

| Ballraíocht chláraithe | Ballraíocht ghníomhach |
| --- | --- |
| 119,277<br>40.3% den daonra | 90,144<br>30.4% den daonra |

## Gníomhaíochtaí

| Seisiúin rochtana poiblí ar ríomhairí pearsanta 2017 | Idirbhearta r-Sheirbhísí 2017 |
| --- | --- |
| 148,399 | 78,539 |

## Na meáin shóisialta

www.facebook.com/FingalLibraries

www.twitter.com/fingallibraries

https://www.instagram.com/librariesfingal/

https://www.pinterest.com/fingallibraries/pins/

http://www.yourlibraryapp.co.uk/fingallibraries/

Tá Leabharlanna Fhine Gall ar na Meáin Shóisialta!

# Aguisín 3: Anailís PESTLE

Rinne Grúpa Oibre an Phlean Forbartha Leabharlann anailís PESTLE chun léargas a chur ar fáil de na tosca seachtracha a bhfuil tionchar acu ar an gcomhthéacs oibriúcháin do Leabharlanna Fhine Gall. Tá achoimre déanta thíos ar thoradh an phróisis.

## Polaitiúi

### Idirnáisiúnta

- Ailíniú le Treoirlínte IFLA, Forógra UNESCO; creat um dhea-chleachtas
- Seachadadh clár arna maoiniú ag AE e.g. 'Work Matters'
- Impleachtaí Brexit e.g. imirce, ráta malairte

### Náisiúnta

- Deiseanna do Chách, an Straitéis Náisiúnta do Leabharlanna Poiblí (faoi athbhreithniú faoi láthair)
- Tús Áite a thabhairt do Dhaoine, Clár Gníomhaíochta an Rialtais le haghaidh Rialtas Áitiúil Éifeachtach
- Réimse eile beartas Rialtais ar an Deighilt Dhigiteach, cur chun cinn na meabhairshláinte, litearthacht agus uimhearthacht, fiontair agus fiontraíocht, an Plean Náisiúnta Ealaíon do Pháiste agus Cultúr 2025

### Áitiúil

- Plean Forbartha Contae Fhine Gall 2017-2023
- Plean Corparáideach Fhine Gall 2015-2019
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall (PÁEP) 2016-2020
- Staid na Seirbhíse Leabharlainne laistigh den Chomhairle; an Stiúrthóireacht um Thithíocht agus Pobail
- Ag obair le Comhairleoirí
- Leithdháileadh maoinithe ar leabharlanna

## Eacnamaíoch

- Téarnamh náisiúnta ón gcúlú
- Tionscadail chaipitil atá beartaithe; Ceanncheathrú Cultúrtha agus Ionad Cathrach Shoird, Leabharlann Sceirí; uasghrádú ar fhlít na Seirbhísí Soghluaiste
- Déimeagrafaíocht; daonra léannta agus lucht saothair oilte, próifíl shocheacnamaíoch éagsúil agus paistí míbhuntáiste ann
- Ról na leabharlann i gcur chun cinn na turasóireachta i bhFine Gall, contae ina bhfuil oidhreacht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha atá saibhir agus éagsúil

## Sóisialta

- Próifíl dhéimeagrafach an phobail; éagsúil ón taobh eitneach de, ag fás go gasta, measartha óg
- Tá an déimeagrafaíocht difriúil idir Toghcheantair agus daonraí ag dul in aois i gceantair
- Freastalaíonn leabharlanna ar phobail uirbeacha agus tuaithe araon
- Bíonn tionchar ag an rochtain ar iompar ar an rochtain ar sheirbhís
- Ról leabharlann maidir le tacú leis an litearthacht dhigiteach
- Ról leabharlann i gcuimsiú sóisialta agus cultúr
- Cultúr eagraíochta

## Teicneolaíoch

- Don réabhlóid leictreonach teastaíonn teicneolaíocht a ghlacadh go luath mar aon lena h-úsáid a choimeád agus tacú léi
- Cothromaíocht a aimsiú idir na seanfhormáidí agus acmhainní digiteacha, agus rogha a chur ar fáil
- Riachtanais tacaíochta TFC
- Na Meáin Shóisialta
- Taighde; bunachair shonraí, acmhainní rochtana oscailte
- Soláthar láraithe stoic i gcoinne freastal ar riachtanais ar an leibhéal áitiúil
- Teastaíonn forbairt ghairmiúil leanúnach ón bhfoireann

## Dlíthiúil

- Beartas GBRÁ, soláthar poiblí láraithe
- Achtanna Rialtais Áitiúil
- Cosaint sonraí agus reachtaíocht um shaoráil faisnéise
- Comhaontuithe íocaíochta na hearnála poiblí, Comhaontú Bhóthar Lansdowne a shíniú
- Rialachas corparáideach e.g. sláinte agus sábháilteacht, iniúchóireacht, soláthar, grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do sholáthraithe
- Iniúchóireacht inmheánach agus sheachtrach ar airgid agus nósanna imeachta
- Measúnú riosca

## Comhshaol

- Limistéar ardtaitneamhachta is ea Fine Gall, ina bhfuil luach saibhir d'oidhreacht agus turasóireacht chultúrtha agus nádúrtha
- Tá cuid de na brainsí leabharlainne lonnaithe i bhfoirgnimh chosanta
- Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe; trí rochtain ar fhaisnéis agus eolas a mhéadú ar fud na sochaí, le cúnamh ó TFC, tacaítear leis an bhforbairt inbhuanaithe agus cuirtear feabhas ar bheatha daoine
- Oibleagáidí na hearnála poiblí a chomhlíonadh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus bainistíocht dramhaíola
- Tionchar comhshaoil na bhforbairtí úra
- Ról leabharlann maidir le feasacht agus oideachas ar an gcomhshaol

# Aguisín 4: Anailís SWOT

## Anailís SWOT

Ghlac baill foirne na leabharlann páirt i gceardlanna chun láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí maidir le Leabharlanna Fhine Gall a shainaithint. Tá achoimre déanta ar na príomhphointí sa tábla thíos:

### Láidreachtaí

- Foireann an-spreagtha agus oilte
- Nuálaíocht Leanúnach e.g. priontáil 3T agus Aip Leabharlainne Fhine Gall
- Seirbhís mhaith do chustaiméirí
- Líonra mór de leabharlanna dea-chothabháilte (chomh maith le seirbhís shoghluaiste agus seirbhís do dhaoine atá gafa sa teach) le tionscadail chaipitil chun saoráidí a fheabhsú tuilleadh
- Seirbhís saor in aisce
- Uaireanta oscailte cuimsitheacha
- Ciste maith leabhar agus bailiúcháin láidre stoic
- Oscailte agus uilechuimsitheach; spásanna fáilteacha
- Spás daonlathach, cothrom agus neodrach cruinnithe do ghrúpaí pobail agus cultúrtha
- Rannpháirtíocht láidir pobail trí chlár fairsing imeachtaí
- Tá leabharlanna ina soláthraí seirbhíse pobail luachmhaire e.g. litearthacht na luathbhlianta, 'Work Matters', foghlaim ar feadh an tsaoil, seirbhís do pháistí
- Braistint dhearfach phoiblí agus dea-thoil leanúnach
- Áirítear ar na seirbhísí teicneolaíochta atá ar fáil ríomhairí pearsanta Wi-Fi, priontáil, scanadh
- Soláthraíonn RFID sna brainsí níos mó rogha fhéinseirbhíse
- R-sheirbhísí nuálacha amhail leabhair ar líne, closleabhair, greannáin, irisí, nuachtáin, cúrsaí agus foghlaim teangacha.

### Deiseanna

- Déimeagrafaíocht; Is é Fine Gall an contae is óige agus is gaiste fás in Éirinn, agus mar sin soláthrófar pobal mór ann do leabharlanna le freastal air
- Spásanna cruthaitheacha agus solúbtha a fhorbairt e.g. tionscadail 'maker spaces'
- Naisc le scoileanna a fheabhsú, go háirithe iarbhunscoileanna, chun daoine óga a mhealladh
- Infhaighteacht mhéadaithe an stoic tríd an gCóras Náisiúnta Dáileacháin
- An tSeirbhís do Dhaoine atá Gafa sa Teach a fhorbairt de réir mar a fhásfaidh an t-éileamh déimeagrafach
- 'Work Matters' a shíneadh go leabharlanna eile
- Acmhainneacht leabharlann mar fhoinsí faisnéise faoin stair áitiúil
- Leanúint le teicneolaíocht nuálach a thabhairt isteach chun seirbhísí a fheabhsú
- An acmhainneacht úsáid a bhaint as an bhflít shoghluaiste úr d'imeacht for-rochtana
- Feabhas a chur ar an gcomhar le hOifig Ealaíon Fhine Gall, Ranna Turasóireachta agus Forbartha Eacnamaíche chun seirbhísí a chur chun cinn
- Comhpháirtíochtaí comhoibríocha le hinstitiúidí tríú leibhéal, gnólachtaí, eagraíochtaí pobail agus deonacha

### Laigí

- Caillteanas ball foirne le linn an chúlaithe
- Infhaighteacht spáis chiúin i mbrainsí
- Comhsheasmhacht na seirbhísí ar fud brainsí
- Gá le hanailís rialta ar riachtanais chun bonn eolais a chur faoi phleanáil
- An cumas freastal ar riachtanais daonra óig in éagmais seirbhís thiomanta do scoileanna
- Uaireanta oscailte
- TFC, mar shampla, uasghrádú, cothabháil agus tacaíocht.
- Ag brath fós ar chóras Galaxy i ndiaidh athrú go Sierra
- An gá le níos mó margaíochta ar sheirbhísí leabharlainne, laistigh den Chomhairle agus i measc an phobail i gcoitinne araon

### Bagairtí

- Méid an chomhairliúcháin phoiblí leathain
- Dúshláin an tsoláthair láraithe
- Infhaighteacht maoinithe amach anseo do leabharlanna agus seirbhísí úra
- Tionchar bheartas na Leabharlann Oscailte maidir le seachadadh seirbhíse
- Tionchar an chórais náisiúnta chúiréireachta/áirithinte ar stoc agus ioncam
- Braistint an phobail maidir le hábharthacht leabharlann ó seo amach
- Tionchar na teicneolaíochta ar bheartais amach anseo

## Comhairliúchán Foirne

Réitigh torthaí shuirbhéanna na foirne go comhsheasmhach le torthaí ceardlann anailíse SWOT agus léirigh siad fócas láidir ar chustaiméirí. Thug freagróirí freagraí mionsonraithe agus moltaí, rud a bhí ina chuidiú le snáitheanna aonair den phlean straitéiseach a fhorbairt.

## Luachanna agus fís

Ar an iomlán, léiríonn tuairimí na foirne an t-ardluach a chuirtear ar sheirbhísí do chustaiméirí agus an gá atá le seirbhís uilechuimsitheach, inrochtana agus ábhartha a chur ar fáil. Léiríodh san aiseolas feasacht faoi cheisteanna a mbeidh tionchar acu ar sholáthar seirbhíse amach anseo amhail an déimeagrafaíocht éagsúil i bhFine Gall agus ról na teicneolaíochta atá ag athrú.

Is é fís na mball foirne do Leabharlanna Fhine Gall fís ina gcuirtear an tseirbhís ag croílár phobal éagsúil Fhine Gall agus ina dtairgtear seirbhísí ardchaighdeáin faisnéise, oideachais agus cultúrtha trí fhormáidí priontáilte agus digiteacha araon. Tabharfar tacaíocht don fhoireann leis an tseirbhís a sheachadadh trí bhíthin deiseanna oiliúna agus forbartha agus beidh leabharlanna ina spásanna fáilteacha, compordacha agus sábháilte.

Cé go bhfuil tuairimí ar roinnt topaicí faoi thionchar, go pointe áirithe, saoráidí agus nithe athraitheacha eile ag brainsí, tagann roinnt príomhphointí chun cinn:

**Seirbhísí reatha**

- Is iad seirbhísí do dhéagóirí, do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus do dhaoine a bhfuil riachtanais litearthachta, riachtanais speisialta nó riachtanais teanga acu ba mhinice a sainaithníodh mar gá a bheith ann le feabhas a chur orthu. Rinneadh moltaí maidir le roinnt bailiúchán, cláreagrú, saoráidí, oiliúint na foirne, cur chun cinn agus comhoibriú maidir leis na ceisteanna sin.
- Cé gur tugadh rátáil ard i leith na seirbhíse do chustaiméirí, ardaíodh infhaighteacht spáis chiúin le léamh nó staidéar a dhéanamh ann mar ábhar imní.
- Díríodh aiseolas maidir le TFC ar an ngá le huasghrádú, cothabháil agus nasc idirlín comhsheasmhach i ngach brainse, chomh maith le baill foirne atá oilte ar TF. Léiríodh an gá le nuálaíocht leanúnach TFC, go háirithe i dtaca leis an teicneolaíocht chúnta. Shonraigh baill foirne chomh maith cé go bhfuil an teicneolaíocht ina príomhuirlis le haghaidh seachadadh seirbhíse, nach bhfuil inti ach gné amháin den soláthar seirbhíse. Rinne baill foirne moltaí fosta maidir le suíomh gréasáin na Leabharlann a nuashonrú.
- Le taighde, tuiscint agus freagairt a thabhairt ar riachtanais úsáideoirí ar bhonn comhsheasmhach beimid ábalta coinneáil suas leis an gcur chun cinn sa teicneolaíocht agus freastal fós ar riachtanais níos traidisiúnta. Meastar go bhfuil croísheirbhísí agus seirbhís phearsanta ríthábhachtach le bheith ábhartha i gcónaí d'úsáideoirí.
- Meastar go bhfuil braistint an phobail agus margaíocht seirbhísí leabharlanna ina bpríomhthosca.
- Beidh athbhreithniú agus meastóireacht leanúnach ar sheirbhísí trí shuirbhéanna, grúpaí úsáideoirí, boscaí moltaí nó anailís ar riachtanais ina ngnéithe tábhachtacha lebheith ábhartha i gcónaí.

**Seirbhísí amach anseo**

- Beidh ar bhaill foirne réimse leathan scileanna a choimeád chun go mbeidh an tseirbhís seasmhach i leith na todhchaí. Baineann scileanna dá leithéid le seirbhís do chustaiméirí, teicneolaíocht, litearthacht faisnéise, cumarsáid, imeachtaí, cur chun cinn, ceannaireacht agus bainistíocht. Lena chois sin, cuireadh béim ar a chinntiú go ndéantar sainscileanna na foirne a bharrfheabhsú mar a bheith tábhachtach.
- Beidh cur chun cinn agus margaíocht níos éifeachtúla tábhachtach don tseirbhís leabharlainne a shuí go náisiúnta agus go háitiúil. Áiríodh ar mholtaí na bhfreagróirí maidir le cur chun cinn fógraíocht náisiúnta agus áitiúil, comharthaíocht fheabhsaithe, agus cur chun cinn trí eagraíochtaí eile. Léirigh roinnt daoine imní faoi easpa fhéideartha feasachta maidir leis an réimse fairsing seirbhísí atá ar fáil. Léiríonn na tuairimí fosta an gá atá ann lena chinntiú go sroichfidh an mhargaíocht na daoine nach mbaineann úsáid as na meáin shóisialta nó nach bhfuil eolach ar TF.
- Tá an acmhainneacht ann do chomhar idir-rannach feabhsaithe laistigh de Chomhairle Contae Fhine Gall. Tá toilteanas ann faisnéis a roinnt ar chláir, feabhas a chur ar sheirbhísí agus infheictheacht na seirbhíse a uasmhéadú. Tá acmhainneacht ann chomh maith do chomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara seachtracha sna hearnálacha ealaíon, sóisialta, pobail, oideachais agus gnó.
- Bhí moltaí ag freagróirí faoi thaighde, nuálaíocht agus an tábhacht a bhaineann le coinneáil suas leis an nuálaíocht in earnáil na Leabharlann, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Ba cheart don nuálaíocht díriú ar riachtanais úsáideoirí agus beidh comhoibriú leis an Roinn TF i gceist léi. Luadh taighde maidir leis na riachtanais úsáideoirí sin chomh maith le hathbhreithniú agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar na seirbhísí chomh maith.
- Bainfidh an tSeirbhís Staidéar Áitiúil agus Cartlann leas as an gcomhtháthú atá beartaithe laistigh de leabharlann Chontae úr i Sord toisc go mbeidh níos mó acmhainne ann d'aisghabhálacha agus seomra léitheoireachta faoi mhaoirseacht. Éascóidh sé sin samhail seirbhíse 'buail isteach' seachas 'le coinne amháin'. Ba é an príomh-mholadh ó bhaill foirne comhoibriú luath idir ailtire agus baill foirne leabharlainne a chinntiú chun an dearadh is fearr soilsithe, suíochán, stórála, táblaí agus taispeántas a chinntiú.

# Aguisín 5: Comhairliúchán Poiblí

Úsáideoirí seirbhíse is ea formhór na ndaoine a bhí páirteach sa chomhairliúchán, cé go raibh roinnt daoine nach úsáideoirí seirbhíse iad páirteach i ngrúpaí fócais. Léiríonn torthaí an chomhairliúcháin phoiblí an luach a chuireann úsáideoirí seirbhíse ar Leabharlanna Fhine Gall, ina n-aonar (duine aonair, ach duine ina aonar) agus mar fhoinse phobail. Léiríonn aiseolas braistint an-dearfach ar leabharlanna go háirithe i dtaca le réimse seirbhísí, atmaisféar, freagairt phearsanta, baill foirne, agus spás don phobal.

Léiríonn an t-aiseolas an tábhacht a bhaineann le huilechuimsitheach agus rochtain do chách. I gcomhthéacs sásamh custaiméirí, léirítear i bhfreagairtí ar an suirbhé go gceapann daoine go bhfuil a riachtanais á gcomhlíonadh ar an iomlán.

Cé go bhféadfadh tionchar a bheith ag nithe athraitheacha ar dhearcthaí i mbrainsí agus seirbhísí áitiúla, tagann roinnt príomhphointí chun cinn. Cuireadh na tuairimí agus na moltaí sin san áireamh agus an Straitéis Leabharlann á ceapadh:

- Léirítear san aiseolas ó dhaoine óga braistint níos measctha ar leabharlanna. Tagann sé sin le dearcthaí na foirne faoin ngá atá ann le díriú ar sheirbhísí aosach óg. Bhí moltaí ag na baill foirne agus na daoine a ndeachthas i gcomhairle leo maidir le soláthar stoic, imeachtaí spriocdhírithe do dhéagóirí, for-rochtain scoileanna, chomh maith le tuilleadh spáis staidéir agus caitheamh aimsire. Bhí moltaí ag an iarbhunscoil a rinne aighneacht leis an gcomhairliúchán maidir leis sin, mar shampla, cuairteanna Leabharlann Soghluaiste. D'fhéadfaí comhoibriú a bhreithniú chomh maith le Foróige agus Comhairle na nÓg ar bhonn leanúnach.
- Léiríonn tuairimí úsáideoirí na Leabharlann Soghluaiste an luach a chuireann siad ar áisiúlacht na seirbhíse agus ar an tseirbhís do chustaiméirí. Baineann na moltaí le minicíocht seirbhíse agus seirbhísí breise scoile do scoileanna agus imeachtaí den chuid is mó.
- Mar an gcéanna, ba mhór le húsáideoirí áisiúlacht agus seirbhís phearsanta na Seirbhísí do Dhaoine atá Gafa sa Teach. Bhí moltaí ann maidir le cur chun cinn na seirbhíse. Fuarthas amach go mbraitheann a lán úsáideoirí ar an tSeirbhís do Dhaoine atá Gafa sa Teach seachas r-sheirbhísí a úsáid de dheasca lagú amhairc, easpa scileanna TF agus an costas a bhaineann le trealamh a cheannach.
- Measann úsáideoirí na seirbhíse go bhfuil tábhacht mhór le hinfhaighteacht stoic ardchaighdeáin, stoc priontáilte agus digiteach araon. Rangaíonn siad acmhainní agus tionscnaimh litearthachta go hard agus is é sin réimse lena bhfuil an acmhainneacht lena fhorbairt, dar leis an bhfoireann.
- Tagann seirbhís mhaith do chustaiméirí ó bhaill foirne chuidiúla agus eolacha chun cinn mar a bheith an-tábhachtach d'úsáideoirí na seirbhíse. Sainaithníodh buarthaí i dtaca le leabharlanna gan fhoireann, go háirithe ag grúpaí fócais.
- Bhí infhaighteacht spáis chiúin, chompordaigh nó dhifreáilte i leabharlanna ina hábhar imní go comhsheasmhach ar fud réimse cohórt úsáideoirí.
- Bhí dearcthaí difriúla ann maidir le huaireanta oscailte; cheap 50% d'fhreagróirí an tsuirbhé gur cheart do leabharlanna a bheith oscailte ar feadh níos mó uaireanta, agus níor easaontaigh ach 20% díobh leis sin.
- Bhain na moltaí is coitianta maidir le feabhas ar shaoráidí le soláthar siopaí caife, suíocháin chompordacha, comharthaíocht níos fearr, seomraí cruinnithe, nó uasghrádú ginearálta ar fhoirgnimh.
- Bheadh margaíocht mhéadaithe maidir le raon fairsing sheirbhísí na Leabharlann tairbhiúil. Mar shampla, ní úsáideann ach 12% de na freagróirí ar an suirbhé an Aip Leabharlainne agus úsáideann 38% díobh ríomhléitheoir nó gléas do léitheoireacht.
- San aiseolas faoi imeachtaí leabharlainne tugtar chun suntais an meas atá ar an Leabharlann mar spás pobail chomh maith le háit le seirbhísí a rochtain. Bhí clubanna leabhar do gach aois agus iasachtaí as uirlisí ceoil i measc na moltaí do sheirbhísí amach anseo.

# Bibleagrafaíocht


## Foilseacháin Chomhairle Contae Fhine Gall

- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall 2016-2020
- Plean Corparáideach Chomhairle Contae Fhine Gall 2015-2019
- Plean Forbartha Contae Fhine Gall 2017-2023
- Straitéis Contae Aoisbháúil Fhine Gall 2012-2017
- Plean Oidhreachta Fhine Gall 2011-2017
- Plean Ealaíon Fhine Gall 2013-2017
- Comhairle Contae Fhine Gall (2015) Torthaí an tSuirbhé ar Ionad Cathrach agus Cultúrtha Shoird.
- Rannóg Leabharlann Chomhairle Contae Fhine Gall (2013) 'The Youngest Ages Can Turn Pages, Fingal County Libraries Early Years Literacy Strategy'.
- Comhairle Contae Fhine Gall (2017) Éire Chruthaitheach Fhine Gall, Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017.

## Library Development Plans

- Baile Átha Cliath Theas: http://www.southdublinlibraries.ie/sites/all/libraries/tinymce/jscripts/tiny_mce/plugins/filemanager/files/Policy_Documents/B20739-SoCoCo_Library_Development_Plan_English.pdf
- Cathair Bhaile Átha Cliath: https://www.dublincity.ie/sites/default/files/content/RecreationandCulture/libraries/About%20Us/Documents/Development-Plan-for-Dublin-City-Public-Libraries.pdf
- DLR: http://libraries.dlrcoco.ie/events-and-news/library-blog/dlr-libraries%E2%80%99-development-plan-2016-2020
- Cill Dara: http://kildare.ie/Library/Publications/LibraryDevelopmentPlan2015-2019/B22556%20Kildare%20Library%20Development%20Plan%20New%20Steps.pdf
- Contae Chorcaí: http://www.corkcoco.ie/co/pdf/864377489.pdf
- Cathair Chorcaí: http://www.corkcitylibraries.ie/readlearnexplore.pdf
- Hamilton, an Nua-Shéalainn: http://www.hamilton.govt.nz/our-services/hamiltonlibraries/Documents/Libraries%20Strategic%20Plan%20FINAL.pdf

## Other Publications

- Cumann Bainistíochta Rialtais Áitiúil (2013). Deiseanna do Chách: Straitéis do Leabharlanna Poiblí 2013-2017.
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2012). Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine: Clár
- Gníomhaíochta an Rialtais le haghaidh Rialtas Áitiúil Éifeachtach.

Comhairle Contae Fhine Gall,
Halla an Chontae,
an tSráid Mhór,
Sord,
Co. Bhaile Átha Cliath.
K67 X8Y2
T. 01 890 5000

**www.fingal.ie**

**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council